An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine
Property Services Regulatory Authority

# Tuarascáil Bhliantúil 2023









# MISEAN

Is é an misean atá ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine leas an phobail a chosaint agus daoine ag plé le Soláthraithe Seirbhísí Maoine. Leis sin a dhéanamh, déanfar a chinntiú go gcomhlíonfar agus go mbainfear amach caighdeáin arda mar thoradh ar cheadúnú, maoirsiú agus rialáil Sholáthraithe Seirbhísí Maoine*.

**Samplaí de Sholáthraithe Seirbhísí Maoine: Ceantálaithe, Gníomhairí Eastáit, Gníomhairí Ligin agus Gníomhairí Bainistíochta.*

# LUACHANNA

## LEAS AN PHOBAIL

Bímid ag saothrú lena dheimhniú go ndéanfar leas an phobail a chosaint agus, san am céanna, le muinín as an earnáil seirbhísí maoine a chothú.

## RIALÁIL

Tá obair rialála ar bun againn lena áirithiú go ndéanfar tomhaltóirí a chosaint agus go gcoimeádfar caighdeáin arda san earnáil.

## RIALACHAS

Bímid ag feidhmiú ar shlí ionraic agus déanaimid a chinntiú go bhfuil beartais, córais agus nósanna imeachta iomchuí don rialachas i bhfeidhm agus i ngníomh go héifeachtach sa ról a chomhlíonaimid.

## GAIRMIÚLACHT

Bímid ag obair i gcomhréir leis na caighdeáin ghairmiúla lena mbíonn an pobal ag súil ó sholáthraithe seirbhísí maoine agus cuirimid na caighdeáin sin chun cinn.

## TRÉDHEARCACHT

Bímid ag feidhmiú ar shlí oscailte agus tugtar eolas don phobal trínár gcláir. Téimid i mbun plé le tomhaltóirí le heolas daoine ar rialáil seirbhísí maoine a fheabhsú.

## GEALLTANAS DON PHOBAL

Geallaimid go ndéanfaimid comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus na tomhaltóirí a bhíonn ag plé leis an earnáil a chosaint. Tugaimid tacaíocht dár mbaill foirne. Is é is aidhm dúinn cultúr dearfach oibre a choinneáil i bhfeidhm le go mbeidh siadsan in ann dul i mbun oibre agus i mbun forbartha i gcomhar le chéile go héifeachtach.

## GEALLTANAS MAIDIR LEIS AN DUALGAS SAN EARNÁIL PHOIBLÍ

Táimid dúthrachtach i dtaobh comhionannas a chosaint, idirdhealú a chosc agus cearta an duine a chosaint i gcás fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhísí agus na daoine ar fad a thagann faoi thionchar ár mbeartas agus ár bpleananna. Tá an cur chuige a úsáidimid fréamhaithe, ní go heisiach, inár bhfreagrachtaí faoin "Dualgas maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna" atá in alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014. Táimid díograiseach, i gcomhréir lenár luachanna, i dtaobh cultúr a chruthú ina gcuirtear an rannpháirtíocht dhearfach chun cinn agus ina dtugtar tús áite don chomhionannas, don éagsúlacht agus don ionchuimsitheacht.

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine
Property Services Regulatory Authority

# Contents


Ráiteas ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach ....2

Gluais ....3

Súil Siar ar 2023 ....4

Eolas Fúinn ....5

An Obair a Dhéanaimid ....7

Bord agus Coistí an Údaráis ....9

An Plean Straitéiseach ....14

Ceadúnú ....16

Imscrúduithe ....21

- Imscrúduithe agus Breithniú ar Ghearáin ....22
- Imscrúdú ar Sholáthar Neamhdhleathach Seirbhísí Maoine ....27
- An Ciste Cúitimh ....31

Rannpháirtíocht, Cláir Réadmhaoine agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach ....34

- Rannpháirtíocht ....35
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach ....35
- Cláir Réadmhaoine ....36

Gnóthaí Corparáideacha ....38

# Ráiteas ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach

**Is cúis sásaimh dúinn Tuarascáil Bhliantúil 2023 an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine (an tÚdarás) a chur in bhur láthair. Tugtar léargas ginearálta sa tuarascáil seo ar ghníomhaíochtaí agus ar shaothar an Údaráis i gcaitheamh na bliana.**

Chuaigh an tÚdarás i mbun a shainchúram reachtúil a bhaint amach i rith na bliana agus le dul chun cinn a dhéanamh ar nithe áirithe leis an eagraíocht a neartú agus a fhorbairt. Foilsíodh **Plean Straitéiseach 2023-2026** an Údaráis i mí Mheán Fómhair, plean ina dtugtar spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha an Údaráis do na trí bliana atá le teacht. Tá na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach dírithe ar chóras cuimsitheach nua-aimseartha ceadúnaithe a fheidhmiú, rialáil éifeachtach a áirithiú, caighdeáin ghairmiúla a chur chun cinn, ár stádas san earnáil a threisiú agus acmhainní a chur ar fáil dár lucht saothair, próisis, teicneolaíocht agus córais chomh maith le hiad a eagrú.

Bhíomar ag plé i gcónaí go réamhghníomhach leis an earnáil seirbhísí maoine le bealaí nua rannpháirtíochta a fhorbairt. Go luath in 2023, reáchtáil an tÚdarás seimineáir réigiúnacha ar an láthair do mhargaí beostoic chun cúnamh agus tacaíocht a thabhairt dóibh le tuiscint a fhorbairt ar a n-oibleagáidí faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, agus faoi na Rialacháin maidir le hAirgead Cliant, 2012. Bhí freastal maith ar na seimineáir agus bhí plé maith ann idir an dá dhream.

Rinne an tÚdarás próiseáil éifeachtach ar 6,160 iarratas ar cheadúnas in 2023. I measc na n-iarratas sin bhí iarratais nua, cásanna athnuachana agus catagóirí breise ceadúnais, rud a léiríonn go bhfuil próiseas an cheadúnaithe fós breá feidhmiúil. I Meán Fómhair 2023, chuir Helen McEntee, an tAire Dlí agus Cirt, a lámh le I.R. 475 de 2023, dá ngairtear freisin na Rialacháin fán Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 (Athnuachan Ceadúnas Áirithe), 2023. Ba é ab aidhm don rialachán seo dul i ngleic leis an líon ró-ard de cheadúnais a bhí le hathnuachan agus a bhí le dul in éag an 5 Samhain ionas go mbeadh próiseas athnuachana ní ba chuíchóirithe ann amach anseo.

In 2023, thug an tÚdarás faoi chóir a bheith 300 iniúchadh ar chomhlíonadh agus 270 frithsciúradh airgid. Tugadh 182 iniúchadh maidir le gearáin chun críche. Léiríonn an méid seo díograis leanúnach agus cur chuige réamhghníomhach an Údaráis i dtaobh a chumhachtaí reachtúla a úsáid de réir mar is gá chun cosaint do thomhaltóirí a áirithiú. Léiriú é chomh maith ar ghairmiúlacht na hearnála seirbhísí maoine i rith an ama.

Tháinig athruithe ar chomhaltas an Bhoird le linn na bliana. Tháinig deireadh le seal ainmní an Aire ar an mBord in 2023, comhalta a bhí i ndiaidh fónamh ar an mBord ó bhí Márta 2021 ann. Ina theannta sin, d'éirigh comhalta eile ar Bhord an Údaráis as an ról tar éis seirbhís seacht mbliana a thabhairt. Gabhaimid buíochas leis an mbeirt acu as a bhfís, a ndúthracht agus a ndíograis agus iad i mbun seirbhíse.

Gabhaimid buíochas fosta leis na comhaltaí atá ar an mBord faoi láthair as a ndúthracht agus as an méid fiúntach a dhéanann siad. Tá tábhacht faoi leith le bhur gcuid iarrachtaí ar mhaithe le spriocanna an Údaráis a bhaint amach.

Tá ardmheas againn ar an rannpháirtíocht dhearfach agus cuidiú leanúnach a fhaightear ó chomhaltaí Fhóram an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine, ó fhoireann na Roinne Dlí agus Cirt, ó bhaill sheachtracha an Choiste, Soláthraithe Seirbhísí Maoine agus ó na páirtithe leasmhara go léir. Táimid an-bhuíoch as an méid sin uile go léir chomh maith.

Ar deireadh, is mian linn aitheantas a thabhairt do bhaill foirne an Údaráis agus buíochas a ghabháil leo as a ndúthracht leanúnach lena chinntiú go gcuirtear tionscadail thábhachtacha i gcrích agus as torthaí ardchaighdeáin a bhaint amach don eagraíocht i rith an ama.





**Michael Quinlan**
***Cathaoirleach***

**Maeve Hogan**
***Príomh-Fheidhmeannach***

# Gluais

| | |
|---|---|
| An tAcht | An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 |
| AML | Frithsciúradh Airgid |
| CPD (FGL) | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| IM&T | Bainistíocht Faisnéise agus Teicneolaíocht |
| IPAV | Institiúid na gCeantálaithe agus na Luachálaithe Gairmiúla |
| OMC | Cuideachta Bainistíochta Úinéirí |
| PII | Árachas Slánaíochta Gairmiúla |
| PSAB (An Bord Achomhairc) | An Bord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine |
| PSRA (An tÚdarás) | An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine |
| SCSI | Cumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann |
| SEAI | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| SI (IR) | Ionstraim Reachtúil |

# 2023 Súil siar ar an mBliain

Seoladh Phlean Straitéiseach 2023 – 2026 an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine

Próiseáladh **5,540** athnuachan ar cheadúnas

Eisíodh **389** ceadúnas nua

Cuireadh **293** imscrúdú iniúchta ar chomhlíonadh i gcrích

Tugadh **182** gearán chun críche

Cuireadh **270** iniúchadh maidir le frithsciúradh airgid i gcrích

Bhí breis agus 1.5 milliún cuairteoir ar an gClár Praghsanna Réadmhaoine

Foilsíodh **10,158** Tuairisceán maidir le Léasanna Tráchtála in 2023; tá 62,598 acu siúd foilsithe ó bhí 2012 ann

Tosach Feidhme I.R. Uimh. 475 (Athnuachan Ceadúnas Áirithe)

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine
Property Services Regulatory Authority

# Eolas Fúinn



# Eolas Fúinn

**Bunaíodh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine (an tÚdarás), gníomhaireacht de chuid na Roinne Dlí agus Cirt, an 3 Aibreán 2012 de bhun an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 (an tAcht). Is é an tÚdarás an comhlacht reachtúil atá freagrach as an earnáil seirbhísí maoine in Éirinn a cheadúnú agus a rialáil.**

Déantar foráil leis an Acht lenar bunaíodh an tÚdarás le haghaidh catagóirí áirithe de sholáthraithe seirbhísí maoine (SSM) a cheadúnú, is iad sin:

- Ceantálaithe
  - Daoine a bhíonn ag gabháil do mhaoin seachas talamh a dhíol ar ceant (Ceadúnas Chatagóir A)
- Gníomhairí Eastáit
  - Daoine a bhíonn ag gabháil do cheannach nó do dhíol talún ar cibé modh (Ceadúnas Chatagóir B)
- Gníomhairí Ligin
  - Daoine a bhíonn ag gabháil do ligean talún (Ceadúnas Chatagóir C)
- Gníomhairí Bainistíochta
  - Daoine a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí bainistíochta maoine a sholáthar thar ceann Cuideachtaí Bainistíochta (Ceadúnas Chatagóir D).

Is í Maeve Hogan Príomhfheidhmeannach an Údaráis. Tá ceanncheathrú an Údaráis san Uaimh, Co. na Mí. Tá oifig eile againn i gCearnóg an Easpaig, Baile Átha Cliath 2.  I ndeireadh 2023, in éineacht le Príomhfheidhmeannach an Údaráis, bhí 36.3 ball foirne i gcoibhéis lánaimseartha ag an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine.

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine
Property Services Regulatory Authority

# An Obair a Dhéanaimid



# An Obair a Dhéanaimid

**Cuireann an tÚdarás cuspóirí an Achta i bhfeidhm. Bítear ag obair lena chinntiú go gcomhlíontar na caighdeáin is airde ó thaobh soláthar seirbhíse de ina measc siúd atá ceadúnaithe le seirbhísí maoine a sholáthar agus lena chinntiú go dtugtar cosaint iomlán do thomhaltóirí.**

Is iad seo a leanas cuid de na feidhmeanna is tábhachtaí atá ag an Údarás:

- Soláthraithe Seirbhísí Maoine (Ceantálaithe, Gníomhairí Eastáit, Gníomhairí Ligin agus Gníomhairí Bainistíochta) a mhaoirsiú agus a rialáil;
- Córas cuimsitheach ceadúnaithe a fheidhmiú chun gach Soláthraí Seirbhísí Maoine a chlúdach;
- Caighdeáin a shonrú agus a fhorfheidhmiú maidir le ceadúnais a cheadú do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine (mar shampla, caighdeáin oideachais/oiliúna; leibhéil árachais slánaíochta gairmiúla); agus caighdeáin atá le comhlíonadh agus seirbhísí maoine á gcur ar fáil ag Soláthraithe Seirbhísí Maoine (mar shampla, caighdeáin theicniúla, caighdeáin iomchuí eiticiúla);
- Córas imscrúdaithe agus breithnithe gearán i gcoinne Soláthraithe Seirbhísí Maoine a riar;
- Córas imscrúdaithe caighdeán maidir le soláthar seirbhísí maoine a riar;
- Cosaint níos fearr do thomhaltóirí a chur chun cinn agus eolas an phobail a fhorbairt maidir le soláthar seirbhísí maoine;
- Ciste Cúitimh a chothabháil agus a riar;
- Cód Cleachtais do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine a chothabháil;
- Cothabháil a dhéanamh ar Chlár Poiblí de Phraghsanna Díolacháin Maoine Cónaithe; ar Bhunachar Sonraí de Léasanna Tráchtála; ar Chlár Poiblí de Sholáthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe;
- Gníomhú mar Údarás Inniúil an Stáit ar Sciúradh Airgid don earnáil seirbhísí maoine;
- Cuidiú leis an Aire beartas a fhorbairt maidir leis an earnáil a rialáil;
- Tionscadail taighde a dhéanamh nó a choimisiúnú.

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine
Property Services Regulatory Authority

# Bord agus Coistí an Údaráis



# Bord agus Coistí an Údaráis

**Cathaoirleach agus deichniúr comhaltaí atá ar Bhord an Údaráis. Is é an tAire Dlí agus Cirt a dhéanann iad go léir a cheapadh. Déanann an Bord maoirseacht éifeachtach ar chur i bhfeidhm fheidhmeanna reachtúla an Údaráis. Agus comhaltaí á gceapadh chun an Údaráis faoin Acht, ní mór don Aire Dlí agus Cirt aird a thabhairt ar a inmhianaithe atá eolas nó taithí na gcomhaltaí ar ghnóthaí tomhaltóirí, gnó, airgeadais, bainistíochta nó riaracháin nó ar aon ábhar eile a bheadh, i dtuairim an Aire, ina chabhair agus a fheidhmeanna faoin Acht seo á gcomhlíonadh ag an Údarás.**

Ní mór don Aire freisin, a mhéid is indéanta, cothromaíocht chuí idir fir agus mná a chinntiú i gcomhdhéanamh an Údaráis. Tá cur chun cinn na héagsúlachta agus na hionchuimsitheachta, inscne san áireamh, ar cheann de phríomhchúraimí an Aire agus comhaltaí á gceapadh chun an Bhoird.

Tá an tÚdarás neamhspleách agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh. Is é Michael Quinlan, Aturnae, atá ina Chathaoirleach air ó ceapadh é sa ról sin an 24 Márta 2021. Ar an mBord tá comhaltaí ón earnáil seirbhísí maoine, ionadaithe leasa tomhaltóirí agus oifigeach don Aire.

Rinneadh ceathrar comhaltaí de chuid an Bhoird a cheapadh arís don dara téarma an 15 Aibreán 2023, is iad sin Emer Byrne, Ella Dunphy, Gordon Hughes agus Orla Moran. Tháinig deireadh le tréimhse ainmní an Aire, Seamus Clifford, in oifig ar Bhord an Údaráis an 27 Deireadh Fómhair 2023. D'éirigh Hilary Griffey as an mBord an 31 Nollaig 2023.

Bhí cúig chruinniú ag Bord an Údaráis in 2023. Ceithre chruinniú reachtúla Boird a bhí ansin chomh maith le cruinniú breise le díriú ar cheisteanna straitéise. **I dTábla 1** tugtar ról an chomhalta, eolas faoi cheapachán an chomhalta agus an líon cruinnithe den Bhord ar fhreastail gach comhalta orthu le linn na bliana.

**Tábla 1: Eolas maidir le Comhaltaí an Bhoird**

| Comhalta Boird | Ról | Téarma an Cheapacháin | Cruinnithe Boird ar Fhreastail an Comhalta orthu |
|---|---|---|---|
| Michael Quinlan | Cathaoirleach | 24/03/2021 – 23/03/2025 | 5 |
| Emer Byrne | Comhalta | 15/04/2019 – 14/04/2027* | 5 |
| Geraldine Hynes | Comhalta | 24/03/2021 – 23/03/2025 | 5 |
| Ella Dunphy | Comhalta | 15/04/2019 - 14/04/2027* | 5 |
| Hilary Griffey | Comhalta | 28/11/2016 – 31/12/2023** | 5 |
| An Dr Aideen Hayden | Comhalta | 28/11/2016 – 27/11/2024 | 5 |
| Gordon Hughes | Comhalta | 15/04/2019 – 14/04/2027* | 5 |
| Seamus Clifford | Comhalta | 24/03/2021 – 27/10/2023*** | 1 |
| Áine Myler | Comhalta | 24/03/2021 – 23/03/2025 | 5 |
| Orla Moran | Comhalta | 15/04/2019 – 14/04/2023* | 5 |
| An Dr Muiris Ó Céidigh | Comhalta | 28/11/2016 – 27/11/2024 | 2 |

* Arna ceapadh arís le héifeacht ón 15 Aibreán 2023

** D'éirigh as an mBord an 31 Nollaig 2023

*** Deireadh lena thréimhse in oifig an 27 Deireadh Fómhair 2023

# Comhaltaí an Bhoird


Michael Quinlan


Emer Byrne


Seamus Clifford


Ella Dunphy


Hilary Griffey


An Dr Aideen Hayden


Gordon Hughes


Geraldine Hynes


Orla Moran


Áine Myler


An Dr Muiris Ó Céidigh

## Breithniú ar Thuarascálacha Críochnaitheacha Imscrúdaithe

Chomh maith leis na cruinnithe a luaitear i **dTábla 1**, tionóladh 10 gcruinniú eile den Bhord le Tuarascálacha Críochnaitheacha Imscrúdaithe a bhain le ceithre chás a phlé. D'fhreastail córam den Bhord, i ngach cás, ar na cruinnithe le Tuarascálacha Críochnaitheacha Imscrúduithe a bhreithniú. Mar gheall ar chastacht cuid de na cásanna, bhí deich gcruinniú ag an mBord le hathbhreithniú a dhéanamh ar na Tuarascálacha Críochnaitheacha Imscrúdaithe, le treoir riachtanach dlí a lorg agus leis na smachtbhannaí cuí a phlé. Dá réir sin, bhí an líon cruinnithe ar freastalaíodh orthu ní b'airde ná an líon cásanna de Thuarascálacha Críochnaithe Imscrúdaithe a bhí á gcíoradh ag an mBord.  Sna ceithre chás, inar chinn an Bord go rabhthas tar éis gabháil d'iompar míchuí faoi chuid (a) den sainmhíniú ar iompar míchuí – soláthraí nach bhfuil cuí ná oiriúnach le seirbhísí maoine a sholáthar níos mó, ní mór don Ard-Chúirt na cásanna seo a dhearbhú. Mar a bhí cúrsaí an 31 Nollaig 2023, bhí dhá chás deimhnithe ag an Ard-Chúirt agus bhí an tÚdarás ag fanacht le deimhniú ar na smachtbhannaí sa dá chás eile. Tá sonraí i **dTábla 2** maidir leis an líon cásanna de Thuarascálacha Críochnaitheacha Imscrúdaithe a bhreith gach comhalta agus an líon cruinnithe gaolmhara ar fhreastail comhaltaí orthu. Tá achoimre i **dTábla 3** ar an líon cruinnithe maidir le Tuarascálacha Críochnaitheacha ar Imscrúduithe a tionóladh in 2023 agus an toradh a bhí ar bhreithniú an Bhoird ar gach tuarascáil acu ag deireadh na bliana.

**Tábla 2: Comhalta Boird, Cruinnithe maidir le Tuarascálacha Críochnaitheacha Imscrúdaithe**

| Comhalta Boird | Cásanna Tuarascálacha Críochnaitheacha Imscrúdaithe a Pléadh | Cruinnithe maidir le Tuarascálacha Críochnaitheacha Imscrúdaithe ar Freastalaíodh orthu |
|---|---|---|
| Michael Quinlan | 2 | 6 |
| Emer Byrne | 1 | 2 |
| Geraldine Hynes | 1 | 2 |
| Ella Dunphy | 3 | 7 |
| Hilary Griffey | 3 | 8 |
| An Dr Aideen Hayden | 3 | 8 |
| Gordon Hughes | 1 | 2 |
| Seamus Clifford | - | - |
| Áine Myler | 1 | 2 |
| Orla Moran | 1 | 2 |
| An Dr Muiris Ó Céidigh | 1 | 2 |

**Tábla 3: Cruinnithe maidir le Tuarascálacha Críochnaitheacha Imscrúdaithe**

| Tuarascálacha Críochnaitheacha Imscrúdaithe | Cruinnithe in 2023 | Toradh ó Bhreithniú an Bhoird i ndeireadh na bliana |
|---|---|---|
| Tuarascáil Chríochnaitheach Imscrúdaithe 1 | 2 | Forchuireadh Mór-Smachtbhanna Dearbhaithe ag an Ard-Chúirt Ábhar faoi achomharc |
| Tuarascáil Chríochnaitheach Imscrúdaithe 2 | 2 | Tugtha chun críche - Forchuireadh Mór-Smachtbhanna Dearbhaithe ag an Ard-Chúirt |
| Tuarascáil Chríochnaitheach Imscrúdaithe 3 | 3 | Fós ar bun - Cinneadh ón mBord Mór-Smachtbhanna a fhorchur - fós le dearbhú ag an Ard-Chúirt |
| Tuarascáil Chríochnaitheach Imscrúdaithe 4 | 3 | Fós ar bun - Cinneadh ón mBord Mór-Smachtbhanna a fhorchur - fós le dearbhú ag an Ard-Chúirt |

I dtaca le gach ceann de na ceithre Thuarascáil Chríochnaitheacha Imscrúdaithe, shocraigh na coistí faoi seach go raibh iompar míchuí faoi alt (a) tar éis titim amach agus rinneadh mór-smachtbhanna a fhorchur. Dhearbhaigh an Ard-Chúirt an smachtbhanna in dhá chás i ndeireadh na bliana. Bhí na smachtbhannaí sa dá chás eile fós le dearbhú ag an Ard-Chúirt.

## Coistí an Údaráis

*An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca*

Tá beirt chomhaltaí de chuid an Údaráis ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca: Ella Dunphy (Cathaoirleach) agus Orla Moran, chomh maith le beirt chomhaltaí neamhspleácha eile: Brian Wickham agus Michael Walsh. Rinneadh Brian Wickham agus Ella Dunphy a cheapadh arís chun an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca an 28 Meitheamh 2023. Tionóladh ceithre chruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2023. Tugtar tinreamh an chomhalta ar na cruinnithe seo **i dTábla 4**.

**Tábla 4: An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca - Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu**

| Comhalta den Choiste | An Cineál Comhalta | Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu |
|---|---|---|
| Ella Dunphy | Comhalta ón Údarás (Cathaoirleach) | 4 |
| Orla Moran | Comhalta ón Údarás | 4 |
| Brian Wickham | Comhalta Neamhspleách | 4 |
| Michael Walsh | Comhalta Neamhspleách | 4 |

*An Coiste Comhairleach ar an gCiste Cúitimh*

Bhí triúr comhaltaí de chuid an Údaráis ar an gCoiste Comhairleach ar an gCiste Cúitimh an 1 Eanáir 2023. An Dr Muiris Ó Céidigh (Cathaoirleach), Geraldine Hynes agus Emer Byrne. Tháinig deireadh le téarma an Dr Muiris Ó Céidigh ar an gCoiste i ndeireadh Lúnasa 2023.

Ceapadh Áine Myler mar chomhalta den Choiste Comhairleach ar an gCiste Cúitimh an 1 Meán Fómhair 2023. Is iad na comhaltaí seo ón Údarás a bhí ar an gCoiste Comhairleach ansin: Geraldine Hynes (Cathaoirleach), Emer Byrne agus Áine Myler. Déanann an Coiste Comhairleach breithniú ar iarratais ar dheontais ar an gCiste Cúitimh agus tugann moltaí do Bhord an Údaráis maidir le héilimh a cheadú, a cheadú i bpáirt nó a dhiúltú.

In 2023, cuireadh seacht n-éileamh ar chúiteamh faoi bhráid Choiste Comhairleach an Chiste Cúitimh le hiad a mheas agus le moltaí a thabhairt ina leith. Bhí ceithre chruinniú ann den Choiste Comhairleach ar an gCiste Cúitimh in 2023. Tugtar tinreamh na gcomhaltaí ar na cruinnithe seo **i dTábla 5** thíos.

**Tábla 5: An Coiste Comhairleach ar an gCiste Cúitimh - Cruinnithe ar Freastalaíodh orthu**

| Comhalta den Choiste | Cruinnithe |
|---|---|
| An Dr Muiris Ó Céidigh | 2 |
| Geraldine Hynes | 4 |
| Emer Byrne | 4 |
| Áine Myler | 2 |

# An Plean Straitéiseach



# An Plean Straitéiseach

**Tá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach cuspóirí straitéiseacha agus treo an Údaráis. Tugtar sonraí ann faoin méid a chreidtear a bhainfidh an tÚdarás a bhaint amach fad a mhairfidh an plean.**

Foilsíodh Plean Straitéiseach 2023-2026 an Údaráis i mí Mheán Fómhair 2023, plean ina dtugtar spriocanna agus cuspóirí an Údaráis do na trí bliana atá le teacht. Tá ceithre sprioc leagtha amach sa Phlean a mbeidh an tÚdarás ag díriú orthu sna trí bliana atá romhainn.

Áirítear orthu sin:

- Córas cuimsitheach nua-aimseartha ceadúnaithe a fheidhmiú agus rialú éifeachtach ar earnáil na seirbhísí maoine;
- Caighdeáin ghairmiúla a chur chun cinn, riachtanais cháilíochta a shonrú agus a fhorfheidhmiú, aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíocht neamhcheadúnaithe agus próiseas éifeachtach maidir le gearáin agus imscrúduithe a chur i ngníomh;
- An seasamh atá againn san earnáil a láidriú níos mó, é sin mar gheall ar phlé éifeachtach le páirtithe leasmhara, feasacht níos leithne ar an mbranda agus cláir chuimsitheacha a chur ar fáil go poiblí;
- Riar agus acmhainní fhórsa saothair an Údaráis, chomh maith lena chuid próiseas, teicneolaíochta agus córas, d'fhonn riachtanais na heagraíochta agus na hearnála anois agus feasta a shásamh go héifeachtach.

Tar éis cuid mhór plé a dhéanamh le páirtithe leasmhara, tá na spriocanna agus na cuspóirí atá leagtha amach i bPlean Straitéiseach 2023-2026 ag teacht le sainchúram reachtúil an Údaráis. Maidir le feidhmiú na spriocanna agus cuspóirí seo le linn thréimhse an Phlean, is sa bhreis ar obair laethúil an Údaráis atá sé sin. Cuireann a leithéid treoir shoiléir ar fáil don Údarás maidir lena shainchúram reachtúil a chomhlíonadh i rith an ama.

# Ceadúnú


Údarás Rialála Seirbhísí Maoine
Property Services Regulatory Authority

## Ceadúnú

Déantar foráil san Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, (an tAcht), nach mór go mbeidh aon duine a sholáthraíonn seirbhísí maoine in Éirinn ceadúnaithe ag an Údarás. Déantar seirbhísí a shainmhíniú san Acht mar seo:

- Maoin seachas talamh a dhíol ar ceant (Ceadúnas Chatagóir A);
- Ceannach nó díol talún - ar cibé modh (Ceadúnas Chatagóir B)
- Ligean Talún (Catagóir Cheadúnais C); agus
- Soláthar Seirbhísí Bainistíochta Maoine (Ceadúnas Chatagóir D)

Eisíonn an tÚdarás ceithre chatagóir éagsúla de cheadúnais atá ag teacht leis na ceithre chineál seirbhísí maoine a bhfuil sainmhíniú orthu san Acht. Féadfaidh duine iarratas a dhéanamh ar chatagóir amháin de cheadúnas nó níos mó ná sin. Déantar ceadúnais a athnuachan ar bhonn bliantúil.

Tá próiseas ceadúnaithe an Údaráis ag feidhmiú i gcónaí ar bhealach éifeachtúil. Próiseáladh 6,160 iarratas san iomlán ar cheadúnas (nua, athnuachan agus catagóir bhreise) in 2023. Tá sé sin i gcomparáid le 5,775 iarratas ar cheadúnas (nua, athnuachan agus catagóir bhreise) a próiseáladh in 2022.

Déantar gach iarratas ar cheadúnas a chur faoi bhráid an Údaráis ar líne, táillí ceadúnais agus íocaíochtaí leis an gciste cúitimh san áireamh.


## Iarratais ar Cheadúnais Nua

Déanann an tÚdarás measúnú ar iarratais ar cheadúnais nua ó dhaoine ar mian leo a bheith ag obair in earnáil na seirbhísí maoine faoi réir riachtanais i dtaobh íosmhéid cáilíochtaí a bheith acu. Cuireadh 596 iarratas ar cheadúnas nua faoi bhráid an Údaráis in 2023. Astu sin:

- eisíodh 389 ceadúnas nua;
- bhí 142 iarratas fós á meas an 31 Nollaig 2023;
- tarraingíodh siar 44 iarratas; agus
- diúltaíodh 21 iarratas.

Léirítear i **gCairt 1** na hiarratais ar cheadúnas nua a próiseáladh in 2023.

**Cairt 1: Iarratais ar Cheadúnas Nua a Próiseáladh in 2023**




Déanann an tÚdarás measúnú ar gach iarratas nua ar cheadúnas i gcomhréir leis na ceanglais íosta maidir le cáilíochtaí faoi na Rialacháin fán Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 (Cáilíochtaí), 2012, I.R. Uimh. 181 de 2012, arna leasú le I.R. 456/2015 - na Rialacháin fán Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 (Cáilíochtaí) (Leasú), 2015. Má tharlaíonn nach gcomhlíonann iarratas na ceanglais íosta, cuireann an tÚdarás an méid sin in iúl don iarratasóir agus tugtar deis dó faisnéis bhreise tacaíochta a chur isteach. Is dá bharr sin go raibh 142 iarratas ar cheadúnas fós ar chéim an mheasúnaithe ag deireadh na bliana 2023. Diúltaíodh 21 iarratas ar cheadúnas nua in 2023. An chúis ba choitianta leis an diúltú ná nár éirigh leis an iarratasóir na riachtanais ó thaobh cáilíocht íosta de a bhaint amach.

## Athnuachan Ceadúnas

Rinneadh 5,540 iarratas ar athnuachan ar cheadúnas a phróiseáil san iomlán in 2023.


I **gCairt 2** tá miondealú ar iarratais ar athnuachan ceadúnas a phróiseáil an tÚdarás, lena n-áirítear:

- 2,402 athnuachan ar cheadúnas a eisíodh;
- 3,112 athnuachan fós á meas,
- 10 n-athnuachan tarraingthe siar ag an iarratasóir; agus
- 16 iarratas ar athnuachan ar dhiúltaigh an tÚdarás dóibh.

As na 16 iarratas athnuachana a diúltaíodh, diúltaíodh athnuachan do 12 shealbhóir ceadúnais aonair (fostaí) de dheasca neamhchomhlíonadh alt 31(3)(c) den Acht toisc nach raibh an leibhéal riachtanach d'árachas slánaíochta gairmiúla (PII) acu. An chúis a bhí leis sin ná nach raibh siad comhcheangailte le Fostóir Seirbhísí Maoine ceadúnaithe, mar atá sainordaithe le halt 4(2)(a) agus le halt 4(2)(b) den Acht.

Iarratais ghnó a bhí sna ceithre chás eile ar diúltaíodh dóibh.

**Cairt 2: Iarratais ar Athnuachan ar Cheadúnas a próiseáladh in 2023**





## Síneadh Ama le Ceadúnais mar gheall ar Dháta Éaga

Is ó mhí Mheán Fómhair go mí na Samhna a fhaigheann an tÚdarás an méid is mó iarratas ar athnuachaintí ceadúnais, is é sin thart ar 3,000 iarratas sa tréimhse. Chuir an tAire Helen McEntee a lámh le I.R. (Ionstraim Reachtúil) Uimh. 475 de 2023 an 26 Meán Fómhair 2023. D'fhág an I.R. seo go raibh an tÚdarás in ann síneadh ama a chur le dáta éaga ceadúnas i gcás ceadúnaithe áirithe a raibh dáta éaga an 5 Samhain 2023 ar a gceadúnas. Dá bharr sin, bhí dáileadh comhréireach ann ar dháta athnuachana na gceadúnas.

## Figiúirí Ceadúnaithe ar an Iomlán

Bhí 5,830 sealbhóir ceadúnais ann i ndeireadh 2023. Tá sé sin i gcomparáid le 5,827 sealbhóir i ndeireadh 2022. Léirítear **i gCairt 3** dáileadh na gceadúnaithe de réir a gcineáil in 2023.


**Cairt 3: Dáileadh Ceadúnaithe de réir a gCineáil in 2023**




Tá sé léirithe in anailís a rinneadh ar dháileadh an 1,798 ceadúnas gnó a bhí gníomhach ag deireadh na bliana 2023 **i gCairt 4** go raibh:

- 64% de na ceadúnais ghnó ag Cuideachtaí;
- 21% acu ag Conraitheoirí Neamhspleácha,
- 13% acu ag Fostóirí Seirbhísí Maoine; agus
- 2% acu ag Comhpháirtíochtaí.

**Cairt 4: Dáileadh Ceadúnas Gnó de réir Catagóire in 2023**




## Catagóir an Cheadúnais

Mar a luadh cheana, bhí 5,830 ceadúnas gníomhach san iomlán ann ag deireadh 2023 i gcomparáid le 5,827 ceadúnas ag deireadh 2022. Ceadúnais ghnó a bhí i 1,798 díobh seo agus léirítear **i dTábla 6** na catagóirí ceadúnais a bhain le ceadúnais ghnó reatha ag deireadh na bliana 2022 i gcomparáid leo siúd ag deireadh na bliana 2023. Tá ceadúnaithe in ann ceadúnas a fháil in aon chatagóir amháin de cheadúnas nó i meascán de chatagóirí ceadúnais.

**Tábla 6: Catagóirí Ceadúnais Gnó a eisíodh**

| Catagóirí na gCeadúnas a eisíodh* | 2022 | 2023 |
|---|---|---|
| [A] | 83 | 85 |
| [A], [B] | 19 | 19 |
| [A], [B], [C] | 880 | 856 |
| [A], [B], [C], [D] | 344 | 346 |
| [A], [B], [D] | 1 | 1 |
| [A], [C] | 3 | 2 |
| [A], [C], [D] | 1 | 1 |
| [B] | 20 | 21 |
| [B], [C] | 189 | 186 |
| [B], [D] | 1 | 0 |
| [B], [C], [D] | 76 | 77 |
| [C] | 82 | 81 |
| [C], [D] | 51 | 50 |
| [D] | 76 | 73 |

* Áirítear le Catagóirí na gCeadúnas:

- **Catagóir A** - Ceantálaithe: Daoine a bhíonn ag gabháil do mhaoin seachas talamh a dhíol ar ceant;
- **Catagóir B** - Gníomhairí Eastáit: Daoine a bhíonn ag gabháil do cheannach nó do dhíol talún ar cibé modh;
- **Catagóir C** - Gníomhairí Ligin: Daoine a bhíonn ag gabháil do ligean talún; agus
- **Catagóir D** - Gníomhairí Bainistíochta: Daoine a bhíonn ag gabháil do sheirbhísí bainistíochta maoine a sholáthar thar ceann Cuideachtaí Bainistíochta.

Tá miondealú **i dTábla 7** ar na catagóirí ceadúnais a bhí ag 4,032 fostaí i ndeireadh 2023 i gcomparáid le 2022.

**Tábla 7 Catagóirí na gCeadúnas d'Fhostaithe a Eisíodh**

| Catagóirí na gCeadúnas d'Fhostaithe a Eisíodh | 2022 | 2023 |
|---|---|---|
| [A] | 142 | 149 |
| [A],[B] | 37 | 36 |
| [A],[B],[C] | 1335 | 1328 |
| [A],[B],[C],[D] | 834 | 869 |
| [A],[B],[D] | 0 | 1 |
| [A],[C] | 10 | 8 |
| [A],[C],[D] | 2 | 1 |
| [A],[D] | 1 | 1 |
| [B] | 147 | 150 |
| [B],[C] | 647 | 648 |
| [B],[C],[D] | 281 | 272 |
| [B],[D] | 1 | 1 |
| [C] | 148 | 150 |
| [C],[D] | 180 | 183 |
| [D] | 236 | 235 |

## Ceadúnais nach ndearna Fostóirí agus Fostaithe iad a Athnuachan

Bhí 434 ceadúnaí ann in 2023 nach ndearna a gceadúnas a athnuachan i gcomparáid le 429 acu in 2022. 1.15% de mhéadú atá ansin.

Tá éagsúlacht ann sna cúiseanna nach ndéantar iad a athnuachan, mar shampla daoine ag dul ar scor, dúnadh gnó, dul ar imirce agus, i gcásanna áirithe, athrú ó eintiteas dlíthiúil amháin go heintiteas dlíthiúil eile.


Tá miondealú déanta ar na cásanna nach ndearnadh ceadúnas a athnuachan in 2023, is é sin idir 88 gnó agus 346 fostaí.

## Iarratais ar Chatagóirí Breise Ceadúnais

In 2023, phróiseáil an tÚdarás 26 iarratas ar Chatagóirí Breise Ceadúnais. Baineann na hiarratais sin le Soláthraithe Seirbhísí Maoine atá ag iarraidh catagóirí breise ceadúnais a chur lena gceadúnais reatha.

Léirítear **i gCairt 5** seasamh an 26 iarratas sin ag deireadh na bliana.

**Cairt 5: Iarratais ar Chatagóirí Breise Ceadúnais a Próiseáladh in 2023**




## Iarratais ar Athrú Fostóra Seirbhísí Maoine

Faigheann an tÚdarás iarratais ar 'Athrú Fostóra' má bhíonn fostaí atá ceadúnaithe faoi ghnó amháin ag iarraidh a cheadúnas a aistriú chuig gnó ceadúnaithe eile. In 2023, phróiseáil an tÚdarás 184 iarratas ar Athrú Fostóra Seirbhísí Maoine.

## An Clár Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe

Clár poiblí is ea Clár na Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe ar a dtugtar liosta de na Soláthraithe Seirbhísí Maoine atá ceadúnaithe ag an Údarás atá i dteideal, de réir an dlí, seirbhísí maoine a sholáthar. Agus soláthraí seirbhísí maoine ceadúnaithe á úsáid, tá cosaintí ann don chliant faoin Acht. Foilsítear an Clár gach seachtain agus is féidir breathnú air ar psr.ie.

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine
Property Services Regulatory Authority

# Imscrúduithe



## Imscrúduithe

Gné lárnach de chumhachtaí rialála an Údaráis is ea imscrúdú a dhéanamh ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine. Tá an tÚdarás in ann trí chineál imscrúdaithe a dhéanamh, is iad sin:

- Gearáin arna ndéanamh i gcoinne Soláthraithe Seirbhísí Maoine ceadúnaithe, nó imscrúduithe dá dheoin féin, a imscrúdú agus a bhreithniú;
- Imscrúdú ar sholáthar neamhdhleathach seirbhísí maoine ag trádálaithe neamhcheadúnaithe;
- Cigireacht ar chaighdeáin i dtaca le soláthar seirbhísí maoine agus comhlíonadh reachtúil ag Soláthraithe Seirbhísí Maoine ceadúnaithe.

Tá an creat dlíthiúil agus na nósanna imeachta le haghaidh imscrúduithe den chineál seo leagtha amach i gCuid 7 den Acht. Go hachomair, clúdaítear an méid seo a leanas leo sin:

- Na cúinsí faoina bhféadfaidh an tÚdarás tús a chur le himscrúdú ar Sholáthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe agus an modh ina ndéanfaidh sé é sin;
- Cumhachtaí iontrála agus cigireachta na gCigirí atá ceaptha ag an Údarás chun imscrúduithe a dhéanamh agus na dualgais atá ar Chigirí den sórt sin;
- Dualgais an Údaráis tar éis imscrúdú a thabhairt chun críche; agus
- Na ceisteanna nach mór don Údarás a mheas agus cinneadh á dhéanamh bunaithe ar thuarascáil ó Chigire agus nuair a bhíonn smachtbhannaí á gcur i bhfeidhm.

Nuair a thugtar imscrúdú chun críche agus má fhaightear go raibh iompar míchuí ann, tá smachtbhannaí áirithe ann a bhfuil an tÚdarás in ann iad a fhorchur, agus dhá chatagóir acu ann:

*1) Mór-Smachtbhannaí, lena n-áirítear;*

**(a)** ceadúnas an tSoláthraí Seirbhísí Maoine cheadúnaithe a chúlghairm agus toirmeasc (toirmeasc buan, toirmeasc ar feadh tréimhse shonraithe nó toirmeasc faoi réir coinníollacha sonraithe) i gcoinne an iar-Sholáthraí Seirbhísí Maoine cheadúnaithe iarratas a dhéanamh ar cheadúnas nua nó ar aicme áirithe de cheadúnas,

**(b)** go ndéanfar ceadúnas an cheadúnaí a fhionraí go ceann tréimhse shonraithe nó, in aon chás inar faide tréimhse na fionraíochta sin (dá ngairtear “an tréimhse iomchuí” sa mhír seo) atáthar ag iarraidh a fhorchur ná tréimhse bhailíochta an cheadúnais atá fágtha, fionraí an cheadúnais le linn na tréimhse sin agus toirmeasc ar feadh tréimhse shonraithe i gcoinne an iar-Sholáthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe iarratas a dhéanamh ar cheadúnas nua nó ar aicme áirithe de cheadúnas nua, ar tréimhsí iad, arna gcur le chéile, atá comhionann leis an tréimhse iomchuí,

**(c)** ordachán don Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe suim a íoc leis an gCiste Cúitimh, méid a shonrófar san ordachán ach nach mó ná €50,000,

**(d)** ordachán don Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe suim a íoc, mar atá sonraithe san ordachán ach nach mó ná €50,000, leis an Údarás, arb é a bheidh sa tsuim sin an costas iomlán, nó cuid den chostas, a bhaineann le himscrúdú ar an Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe,

**(e)** ordachán don Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe méid airgid a íoc, leis an Údarás, mar a shonrófar san ordachán ach méid nach mó ná €250,000, mar phionós airgeadais mar gheall ar ghníomh arna dhéanamh ag an Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe arna shonrú san ordachán, nó

**(f)** aon dá cheann nó níos mó de na smachtbhannaí dá dtagraítear i míreanna (a) go (e).

*2) Mion-smachtbhannaí, lena n-áirítear;*

**(a)** ceann acu seo a thabhairt don Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe—

**(i)** comhairle (lena n-áirítear comhairle a bhaineann le rannpháirtíocht i scéim inniúlachta gairmiúla),

**(ii)** rabhadh,

**(iii)** foláireamh, nó

**(iv)** iomardú,

nó

**(b)** aon dá cheann nó níos mó de na smachtbhannaí a luaitear i mír (a)

## Imscrúduithe agus Breithniú ar Ghearáin

Is féidir leis an bpobal gearán scríofa i gcoinne soláthraithe seirbhísí maoine ceadúnaithe a dhéanamh chuig an Údarás lena imscrúdú. Fuair an tÚdarás 255 gearán in 2023. Is ionann é sin agus 24.39% de mhéadú ar an 205 gearán a fuarthas in 2022.

*Stádas na nGearán ag Deireadh na Bliana*

Bhí 95 gearán idir lámha an 1 Eanáir 2023.

As 255 gearán a fuarthas in 2023, tar éis fiosrúcháin tosaigh a dhéanamh agus comhfhreagras leanúnach idir an gearánach agus an Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe, tugadh 182 gearán (71.37% acu) chun críche gan feidhm ann Cigire a cheapadh le himscrúdú a dhéanamh. Tá ocht gcinn de na comhaid chríochnaithe seo leis an mBord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine (an Bord Achomhairc) faoi láthair. I ngach cás den sórt sin, thug an tÚdarás míniú ar na cúiseanna nach ndearnadh imscrúdú don té a rinne an gearán agus do na Soláthraithe Seirbhísí Maoine ceadúnaithe. Ba é an chúis ba choitianta le diúltú gearán a imscrúdú ná nár tháinig ábhar an ghearáin faoin sainmhíniú ar "iompar míchuí" mar atá sainmhínithe san Acht.

Bhí 69 comhad gearáin oscailte ann faoin 31 Nollaig 2023. Maidir leis na gearáin sin, bhí 62 díobh ag céim na cigireachta agus bhí measúnú tosaigh á dhéanamh ar 7 díobh lena chinneadh an mbeadh imscrúdú le déanamh ina leith. As an 62 comhad a bhí ar chéim na cigireachta, bhí 17 gcás acu faoi imscrúdú bunaithe ar shárú féideartha ar Rialacháin an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 (Caighdeáin Íosta), 2020.

**I dTábla 8** thíos, tugtar léargas ar na gearáin ar fad ar dhéileáil an tÚdarás leo in 2023 mar aon le stádas na ngearán sin ag deireadh na bliana.

**Tábla 8: Stádas na nGearán ag Deireadh na Bliana**

| Stádas na nGearán ag Deireadh na Bliana | | Iomlán |
|---|---|---|
| Gearáin idir lámha an 1 Eanáir 2023 | | 95 |
| Líon iomlán na ngearán a fuarthas in 2023 | | 255 |
| Líon iomlán na ngearán a bhí tugtha chun críche ag deireadh na bliana | | 281 |
| o An líon gearán a tugadh chun críche gan aon ghá le himscrúdú | 189 | |
| o An líon gearán a tugadh chun críche tar éis imscrúdú a dhéanamh | 67 | |
| o Gearáin a tarraingíodh siar | 16 | |
| o An líon gearán a raibh achomharc á dhéanamh ina leith ag deireadh na bliana | 9 | |
| Gearáin oscailte faoin 31 Nollaig 2023 | | 69 |

## Na Cineálacha Gearán a Fuarthas

Baineann na gearáin le réimse leathan ceisteanna. Tugtar miondealú ginearálta **i dTábla 9** thíos ar chatagóirí na ngearán a fuarthas in 2023.

Tá na catagóirí is coitianta lena mbaineann gearáin le feiceáil sa Tábla seo agus an méid sin bunaithe ar an gcineál gearáin. Agus na figiúirí **i dTábla 9** á meas, tá sé tábhachtach a lua go mbíonn níos mó ná fadhb amháin i gceist le gearán uaireanta agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh baint a bheith ag gearán le níos mó ná catagóir amháin. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh líon níos mó saincheisteanna gearáin i gceist le haon ghearán ar leith a fhaightear. Is léir sin **i dTábla 9**, a bhaineann le 255 gearán a fuarthas in 2023, ach 348 fadhb san iomlán a bhí i gceist leis na gearáin sin. Tugann an Tábla léargas maith ar chomh hilghnéitheach agus a bhíonn na gearáin nach mór don Údarás iad a mheas agus a imscrúdú.

**Tábla 9: Na cineálacha Gearán a Fuarthas sa bhliain 2023**

| Cineál an Ghearáin | Miondealú ar Ghearáin de réir Cúiseanna |
|---|---|
| Soláthar Seirbhíse (I gcás ina raibh an gearánach míshásta leis an tseirbhís a fuarthas) | 147 |
| Gnóthaí a bhain le Cuideachtaí Bainistíochta Úinéirí (OMC) | 75 |
| Fógraíocht | 18 |
| Tairiscint | 17 |
| Airgead á Choimeád ag Soláthraithe Seirbhísí Maoine ceadúnaithe | 15 |
| Gnóthaí a bhain le Tionóntachtaí | 12 |
| Iompar Eiticiúil | 12 |
| Eile | 52 |
| Iomlán: | 348 |

Maidir leis na cineálacha iompair nó na neamhghníomhartha a ndearnadh gearán ina leith i gcuid de na catagóirí, soláthar seirbhíse nó dualgas chun leasa cliaint, mar shampla, tá siad siúd débhríoch. D'fhéadfadh sé go mbeadh an gearánach míshásta i gceart le toradh an phlé leis an soláthraí seirbhísí maoine ceadúnaithe, nó gurbh ábhar éagóra don ghearánach an toradh sin, ach d'fhéadfadh sé nach dtitfeadh a leithéid faoi réim an tsainmhínithe ar "iompar míchuí" in alt 2 den Acht. Tugann an difear tuisceana seo idir éagóir agus iompar míchuí léargas maith ar an gcúis a bhfuil líon réasúnta ard gearán ann a ndiúltaíonn an tÚdarás imscrúdú a dhéanamh orthu. Is gá a lua freisin gur líomhaintí ó ghearánaigh atá sna gearáin agus nach bhféadtar a rá go raibh aon iompar míchuí ann go dtí gcuirtear imscrúdú i gcrích agus go gcinntear go raibh iompar míchuí ann.


## Forléargas ar na Smachtbhannaí a Forchuireadh

In 2023, tugadh 67 gearán chun críche tar éis imscrúdú a dhéanamh. In 22 ceann de na cásanna sin (32.84% acu), socraíodh nach raibh aon iompar míchuí tar éis titim amach. Maidir le 44 cás (65.67% acu), cinneadh go raibh iompar míchuí ann agus forchuireadh mion-smachtbhanna. Forchuireadh mór-smachtbhanna in 1 chás amháin. As an 67 gearán a tugadh chun críche tar éis imscrúdú a dhéanamh, rinneadh 28 ceann a imscrúdú mar gheall ar shárú féideartha ar Rialacháin an Achta um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 (Caighdeáin Íosta), 2020. As an 28 cás seo, thángthas ar iompar míchuí i 15 chás agus forchuireadh mion-smachtbhanna, agus ní bhfuarthas go raibh aon iompar míchuí ann i 13 chás.

## Mion-Smachtbhanna

Léirítear **i gCairt 6** thíos catagóirí na mion-smachtbhannaí a forchuireadh ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe in 2023, tar éis imscrúdú a dhéanamh ar chásanna gearáin agus na cásanna a thabhairt chun críche. Cé gur tugadh 44 cás gearáin chun críche tar éis imscrúdú a dhéanamh orthu inar aimsíodh iompar míchuí agus inar forchuireadh mion-smachtbhanna, tá sé tábhachtach a lua gur forchuireadh 83 smachtbhanna mar gheall ar mheascán de sháruithe in 22 chás.

**Cairt 6: Mion-Smachtbhannaí a Forchuireadh in 2023 – Imscrúduithe ar Ghearáin**




I gceithre (4) chás, forchuireadh **Iomardú** mar smachtbhanna i gcás nithe áirithe, na cinn seo ina measc:

- Cuid (a) den sainmhíniú ar "iompar míchuí" san Acht;
- Gan litir chomhaontaithe a thabhairt;
- Gan gníomhú ar mhaithe leis an gcliant an t-am ar fad; agus
- Duine nach bhfuil ceadúnaithe a éascú chun seirbhís maoine a sholáthar.

I 76 cás, forchuireadh **Foláireamh** mar mhion-smachtbhanna i gcás nithe áirithe, na cinn seo ina measc:

- Gan litir chomhaontaithe a thabhairt;
- Gan an tÚdarás a chur ar an eolas i dtaobh "ní ábhartha";
- Duine nach bhfuil ceadúnaithe a éascú chun seirbhís maoine a sholáthar;
- Gan taifid a choinneáil ar feadh 6 bliana;
- Gan gníomhú ar mhaithe leis an gcliant an t-am ar fad;
- An t-údarás a thug an cliant dóibh a shárú;
- Téarmaí na litreach comhaontaithe a shárú;
- Gan éarlais áirithinte a aisíoc taobh istigh de thréimhse áirithe;
- Níos mó ná an t-aon éarlais áirithinte amháin a choinneáil maidir le díolachán na talún céanna in aon am amháin;
- Tabhairt le fios go mbeadh an táille as díolachán nó ligean le híoc as duine seachas an cliant; agus
- Gan an Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a chur i gcrích

I gcás amháin (1), forchuireadh **Rabhadh** mar mhion-smachtbhanna as:

- Gan litir chomhaontaithe a thabhairt.

In dhá (2) chás, forchuireadh **Comhairle** mar mhion-smachtbhanna as:

- Gan litir chomhaontaithe a thabhairt; agus
- Gan an Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a chur i gcrích.

## Foilsiú Mion-smachtbhannaí

Ó tharla go raibh mion-smachtbhannaí á ngearradh ar ráta chomh hard sin ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine ceadúnaithe áirithe, socraíodh san Údarás go bhfoilseofaí mion-smachtbhannaí ar láithreán gréasáin an Údaráis dá bhfaigheadh Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe trí mhion-smachtbhanna nó os a chionn sin i dtaca le trí imscrúdú faoi leith ar ghearáin i dtréimhse 18 mí. Foilseoidh an tÚdarás sonraí maidir leis an Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe lena mbaineann agus eolas ag baint leis an mion-smachtbhanna arna fhorchur nó na mion-smachtbhannaí arna bhforchur. Tháinig an nós seo i bhfeidhm ón 1 Iúil 2023. Go dtí seo, níltear tar éis aon mhion-smachtbhannaí a fhoilsiú ar láithreán gréasáin an Údaráis. Fanfaidh foilsiú mion-smachtbhannaí ar láithreán gréasáin an Údaráis ar feadh dhá mhí dhéag.

## Mór-Smachtbhanna

Tar éis imscrúdú a dhéanamh ar chás gearáin, a bhain le míleithreasú cistí cliaint arna dhéanamh ag Soláthraí Seirbhísí Maoine, rinne an tÚdarás mór-smachtbhanna a fhorchur air a d'fhág go raibh toirmeasc ar an Soláthraí Seirbhísí Maoine sin iarratas a dhéanamh ar cheadúnas nua ar feadh tréimhse sé mhí. Dhearbhaigh Uachtarán na hArd-Chúirte an smachtbhanna an 23 Deireadh Fómhair 2023.

## Cás-staidéir ar Imscrúduithe

Le forléargas ginearálta a thabhairt ar na cineálacha imscrúduithe a dhéanann an tÚdarás go rialta, tá breac-chuntas anseo ar thrí achoimre anaithnidithe ar imscrúduithe ar ghearáin a cuireadh i gcrích in 2023:

### Cás-Staidéar No 1:

### Éarlais Áirithinte a Coinníodh

Fuair an tÚdarás gearán ó dhuine den phobal. Chuir an duine sin in iúl gurbh eisean an tairgeoir a bhuaigh ceant ar líne a bhí reáchtáilte ag an Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe. Chomh maith leis sin, luaigh an duine gur iarr an Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe €4,000 d'éarlais sula ndearnadh aon tairiscint ar an maoin. Nuair a deimhníodh ansin gurbh é an gearánaí an tairgeoir ar éirigh leis, íocadh €6,000 eile le go mbeadh an éarlais áirithinte iomlán ann.

Ina dhiaidh sin, ní dheachthas ar aghaidh leis an maoin a dhíol agus rinne an gearánaí cúpla iarracht an éarlais áirithinte €10,000 a fháil ar ais, rud nár tharla. Nuair a fuarthas an gearán, bhí an éarlais i seilbh an tSoláthraí Seirbhísí Maoine cheadúnaithe ar feadh breis agus 10 mí. Ba léir chomh maith, tar éis an gearán in iúl don ghnó ceadúnaithe, go ndearna an gnó sin bearta leis an éarlais a thabhairt ar ais d'aturnaetha an ghearánaí.

Fuarthas amach san imscrúdú nach raibh dóthain fianaise ann ar iarrachtaí leis an éarlais a thabhairt ar ais laistigh den tréimhse ama fhorordaithe de 10 lá oibre agus, dá bhrí sin, gur sháraigh an Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe Rialachán 16(3) de na Rialacháin um Chaighdeáin Íosta, agus rinneadh rabhadh a fhorchur air mar smachtbhanna.

Anuas air sin, dheimhnigh an Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe gur nós leis glacadh le níos mó ná éarlais áirithinte amháin gach uair a reáchtáiltear ceant ar líne. Sa chás seo, bailíodh dhá éarlais, rud a d'fhág gur sáraíodh Rialachán 16(4) de na Rialacháin um Chaighdeáin Íosta ina sonraítear nach féidir le Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe níos mó ná éarlais áirithinte amháin a shealbhú. Rinneadh rabhadh a fhorchur mar smachtbhanna dá bharr.

**Cás-Staidéar No 2:**

## Cás-Staidéar 2 – Éarlais Áirithinte Neamh-inaisíoctha

I ndiaidh gearán a fháil ó dhuine den phobal a bhain le Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe a bhí ag iarraidh éarlais €2,000 a ghearradh ar dhaoine a bhí ag cuardach tí le háit a fháil ar liosta feithimh tosaíochta le haghaidh forbraíocht nua tithíochta, rinne an tÚdarás imscrúdú ar ghníomhaíochtaí an tSoláthraí Seirbhísí Maoine cheadúnaithe i dtaobh na heachtra.

I ndiaidh an imscrúdaithe, ba dheimhin leis an Údarás nár ghearr an Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe éarlais ar aon cheannaitheoir ionchasach d'fhonn leithdháileadh maoine a fháil sa chéad chéim eile den fhorbraíocht. Ós rud é gur iarradh éarlais €2,000 orthu siúd a bhí sa tóir ar theach, chinn an tÚdarás gur lorg an Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe luach saothair airgid as ainm na ndaoine sin a chur ar liosta feithimh tosaíochta. I dtuairim an Údaráis, iompar míchuí a bhí ann ar an ábhar gur cineál aslaithe a bhí ann de réir bhrí na Rialachán um Chaighdeáin Íosta.

Rinne an tÚdarás cinneadh go raibh iompar míchuí ann. Rinne an tÚdarás rabhadh, mar mhion-smachtbhanna, a fhorchur ar an Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe.

**Cás-Staidéar No 3:**

## Cás-Staidéar 3 – Gan an Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a chur i gcrích

I ndiaidh imscrúdú iniúchta ar chomhlíonadh a rinne an tÚdarás i mí na Samhna in 2022, aithníodh nár éirigh le Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe a Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach a chur i gcrích in 2021. Bunaithe ar an bhfaisnéis sin, chuir an tÚdarás tús le himscrúdú dá dheoin féin i gcoinne an tSoláthraí Seirbhísí Maoine cheadúnaithe lena chinneadh an raibh alt 81(1) den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 (an tAcht), á chomhlíonadh ag an Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe. Tar éis imscrúdú a dhéanamh, ba dheimhin leis an gCigire go raibh alt 81(1) den Acht sáraithe ag an Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe. Bhí an tÚdarás ar aon intinn le cinntí an Chigire agus forchuireadh Comhairle mar mhion-smachtbhanna.

**Cás-Staidéar No 4:**

## Cás-Staidéar 4 – Míleithreasú Airgid Cliant

Fuair an tÚdarás tuarascáil ó ghnólacht ceadúnaithe inar luadh go ndearna fostaí ceadúnaithe mí-leithghabháil ar chistí ón gcuntas cliaint.

Thángthas ar an gconclúid san imscrúdú go raibh gníomhartha an fhostaí cheadúnaithe thar a bheith tromchúiseach agus nach raibh siad ag teacht ar chor ar bith leis an muinín a chuirtear i soláthraithe seirbhísí maoine ceadúnaithe i ndáil le cistí cliant.

Chinn an tÚdarás go ndearna an fostaí ceadúnaithe iompar míchuí faoi chuid (a) den sainmhíniú ar iompar míchuí mar a shainmhínítear san Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011, atá ag deireadh ard an scála.

Chinn an tÚdarás go raibh smachtbhanna mór oiriúnach sa chás seo agus rinneadh cinneadh toirmeasc a chur ar an bhfostaí ceadúnaithe iarratas a dhéanamh ar cheadúnas nua ar feadh tréimhse shainithe. Dhearbhaigh an Ard-Chúirt an cinneadh seo

## Achomhairc maidir le Gearáin faoi Iarratais

Cuireadh 38 cás achomhairc faoi bhráid an Bhoird Achomhairc um Sheirbhísí Maoine (an Bord Achomhairc) in 2023 a bhain le gearáin a fuair an tÚdarás. Tugadh dhá achomharc ar aghaidh ó 2022 chomh maith, rud a d'fhág go raibh 40 achomharc san iomlán os comhair an Bhoird Achomhairc le linn 2023. Faoi dheireadh na bliana, bhí an Bord Achomhairc tar éis 31 achomharc a mheas agus bhí 9 gcás achomhairc ann a raibh cinneadh le déanamh fós ina leith.

Dhícheadaigh an Bord Achomhairc na hachomhairc a cuireadh faoina bhráid in 27 cás gearáin (87.1% acu), rud a dhearbhaigh cinneadh an Údaráis i ngach ceann de na cásanna sin. Cheadaigh an Bord Achomhairc an t-achomharc i bpáirt in dhá cheann de chásanna gearáin (6.45% acu). Sa dá chás, rinne an Bord an smachtbhanna a d'fhorchuir an tÚdarás a mhaolú agus an smachtbhanna eile a chaitheamh amach. Cheadaigh an Bord Achomhairc achomharc in dhá chás gearáin (6.45%). D'iarr an Bord ar an Údarás imscrúdú a dhéanamh ar an dá ghearán sin, imscrúduithe a bhí fós ar siúl ag deireadh na bliana.

**I dTábla 10**, tugtar achoimre ar na torthaí ó na hachomhairc a ndearna an Bord Achomhairc iad a mheas agus a shocrú in 2023.

**Tábla 10: Achoimre ar Chinntí an Bhoird Achomhairc le linn 2023**

| Toradh | An líon Achomharc | Céatadán den Iomlán |
|---|---|---|
| Rinneadh an tAchomharc a Dhícheadú - Seasadh le Cinneadh an Údaráis | 27 | 87.1% |
| Ceadaíodh an tAchomharc i bPáirt Rinneadh Cinneadh an Údaráis a Chur ar Ceal i bPáirt | 2 | 6.45% |
| Ceadaíodh an tAchomharc - Cuireadh Cinneadh an Údaráis ar Ceal | 2 | 6.45% |

## Imscrúdú ar Sholáthar Neamhdhleathach Seirbhísí Maoine ag Trádálaithe Neamhcheadúnaithe

Glacann an tÚdarás go han-dáiríre le tuairiscí faoin trádáil neamhcheadúnaithe. Maidir le cuideachtaí nó daoine aonair a sholáthraíonn seirbhísí maoine gan cheadúnas, ceileann siad na cosaintí tábhachtacha do thomhaltóirí ar a gcliaint a fhoráiltear leis an Acht. Is ionann é sin agus iomaíocht éagórach ina gcoinne siúd a sholáthraíonn seirbhísí de réir dlí. Déanann an tÚdarás imscrúduithe ar chuideachtaí nó ar dhaoine aonair a bhfuil amhras fúthu go bhfuil trádáil neamhcheadúnaithe ar bun acu agus é mar aidhm ag an Údarás iad a ionchúiseamh nó urghaire Ard-Chúirte a lorg le hiallach a chur orthu deireadh a chur le trádáil.

### *Tuairiscí faoin Trádáil Neamhcheadúnaithe*

Bhí 14 thuairisc faoin trádáil neamhcheadúnaithe líomhnaithe fós gan réiteach an 1 Eanáir 2023. Fuarthas 52 tuairisc eile le linn na bliana, a d'fhág go raibh 66 tuairisc ann san iomlán. Bhí 12 thuairisc faoin trádáil neamhcheadúnaithe líomhnaithe fós gan réiteach an 31 Eanáir 2023.

Tá forléargas **i dTábla 11** ar stádas na dtuairiscí ar fad faoin trádáil neamhcheadúnaithe do 2023.

**Tábla 11: Stádas Gearáin na dTuairiscí ar fad faoin Trádáil Neamhcheadúnaithe do 2023**

| Stádas Tuairiscí faoin Trádáil Neamhcheadúnaithe do 2023 | An Líon Tuairiscí faoin Trádáil Neamhcheadúnaithe |
|---|---|
| Cásanna a tugadh chun críche tar éis an mheasúnaithe tosaigh, ní raibh ceadúnas ag teastáil, ní raibh seirbhís maoine á soláthar | 52 |
| Cásanna a tugadh chun críche tar éis an Imscrúdaithe | 2 |
| Céim na Cigireachta | 3 |
| Céim an Mheasúnaithe Tosaigh | 9 |

Dhéanadh an tÚdarás cuardaigh gach mí in áiteanna ina raibh ceadúnais imithe in éag tamall gearr roimhe sin nuair nach ndearnadh iad a athnuachan, é sin lena chinntiú go raibh na hiar-Sholáthraithe Seirbhísí Maoine ceadúnaithe ag cloí leis an Acht.

## Iniúchadh ar Chaighdeáin i dtaca le Soláthar Seirbhísí Maoine

I gcomhréir le Pleananna Straitéiseacha an Údaráis, tugadh faoi imscrúduithe spriocdhírithe ar chomhlíonadh (iniúchtaí ar chomhlíonadh) ar ghnóthaí ceadúnaithe le linn 2023. Mar thoradh ar iniúchtaí ar chomhlíonadh, déantar a chinntiú go gcomhlíontar forálacha reachtúla an Achta agus na rialacháin faoin Acht agus déantar iontaoibh a chothú i measc cliant agus iad ag úsáid seirbhísí Soláthraithe Seirbhísí Maoine ceadúnaithe. Bealach éifeachtach atá sna himscrúduithe iniúchóireachta chomh maith le dul i mbun plé le gnólachtaí ceadúnaithe, le gnólachtaí ceadúnaithe a chur ar an eolas faoi na caighdeáin riachtanacha agus iad ag feidhmiú mar Sholáthraí ceadúnaithe Seirbhísí Maoine agus leis an Údarás a chur ar an eolas faoi cheisteanna ag leibhéal na talún.

Úsáideann an tÚdarás maitrís rioscabhunaithe le sceideal d'iniúchtaí ar chomhlíonadh a leagan amach. Tugann an mhaitrís rioscabhunaithe tús áite do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine ceadúnaithe bunaithe ar fhachtóirí riosca éagsúla. Nuair a chuirtear i bhfeidhm iad, déantar iniúchadh ar dtús ar na Soláthraithe Seirbhísí Maoine ceadúnaithe sin a fhaigheann scór riosca níos airde sula ndéantar iniúchadh orthu siúd a mheastar go bhfuil leibhéal íseal riosca ag baint leo.

Chomh maith leis na hiniúchtaí a dhéanann foireann an Údaráis, fostaíonn an tÚdarás cuideachta sheachfhoinsithe, IP Forensics Ltd, le hiniúchtaí a dhéanamh thar a cheann. Rinne an tÚdarás iniúchtaí ar chomhlíonadh go cianda agus ar an láthair in 2023 lena oibleagáidí reachtúla faoin Acht a chomhlíonadh.

Bhí 181 iniúchadh ar chomhlíonadh fós ar bun an 31 Nollaig 2023.

## Torthaí Iniúchtaí agus Smachtbhannaí a Forchuireadh

I gcás 231 ceann (78.8%) de na gnóthaí ceadúnaithe ar tugadh iniúchtaí ar chomhlíonadh orthu chun críche in 2023, bhí siad siúd i gcomhréir leis na hailt iniúchta den Acht agus na Rialacháin arna ndéanamh faoin Acht. Bhí an tAcht agus na Rialacháin á sárú i 54 (18.5%) ceann de na gnóthaí ceadúnaithe a ndearnadh iniúchadh orthu. An miondealú a rinneadh ar na cásanna sin ná gur forchuireadh mór-smachtbhanna ar cheann acu agus mion-smachtbhanna ar 53 ceann acu. Fuarthas amach go raibh 8 Soláthraí Seirbhísí Maoine cheadúnaithe ann (2.7% acu) nach raibh ag soláthar seirbhísí maoine tráth a ndearnadh an t-iniúchadh ar chomhlíonadh.

## Mór-Smachtbhanna

Dhearbhaigh Uachtarán na hArd-Chúirte an mór-smachtbhanna an 16 Eanáir 2023.

Gearradh an mór-smachtbhanna mar thoradh ar 20 cinneadh go raibh iompar míchuí ann. Bhain na cinntí sin leis na nithe seo a shárú:

- Alt 37 - Ceadúnas i seilbh, a thaispeáint agus a sholáthar;
- Alt 43 - Litreacha Comhaontaithe;
- Alt 61 - Taifid tairisceana a choinneáil; agus na Rialacháin um Airgead Cliant

## Mion-Smachtbhannaí arna bhForchur

Tá miondealú **i gCairt 7** ar na mion-smachtbhannaí a gearradh ar an 54 gnó ceadúnaithe. Leagadh 208 mion-smachtbhanna orthu san iomlán.

**Cairt 7: Mion-Smachtbhannaí arna bhForchur in 2023**




Foláireamh
Rabhadh
Comhairle
Iomardú

Tá sé tábhachtach a lua, ós rud é go bhfuil an tAcht, na Rialacháin um Airgead Cliant agus na Rialacháin maidir le Caighdeáin Íosta chomh hilghnéitheach sin, go mbíodh éagsúlacht ag baint leis an smachtbhanna a fhorchuirtí ag brath ar dhéine nó ar chineál an tsáraithe a aimsíodh agus/nó nuair a cuireadh san áireamh fianaise a thug an ceadúnaí don Chigire tar éis an dréacht-tuairisc a eisiúint.



In 20 cás, forchuireadh **Iomardú** mar mhion-smachtbhanna i dtaobh nithe áirithe, na cinn seo ina measc:

- An ceadúnaí gan leabhair chuntais chuí a choimeád;
- Litreacha Comhaontaithe gan a bheith i bhfeidhm;
- Airgead nár leis an gcliant é a íoc le cuntas an chliaint; agus
- I gcás margaí, easnamh follasach ar chuntas an chliaint in ainneoin go raibh maolú i bhfeidhm

I 121 cás, forchuireadh Foláireamh mar mhion-smachtbhanna i gcás nithe áirithe, na cinn seo ina measc:

- An ceadúnaí gan leabhair chuntais chuí a choimeád
- Litreacha Comhaontaithe neamhiomlána
- Litreacha Comhaontaithe nár síníodh sa tréimhse riachtanach
- Táillí/Coimisiún nár tarraingíodh as cuntas an chliaint
- Airgead nár leis an gcliant é a tharraingt as cuntas an chliaint
- Íocaíocht le conraitheoirí gan aon chead ón gcliant
- Gan Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a chur i gcrích

I 56 cás, forchuireadh Rabhadh mar mhion-smachtbhanna i dtaobh nithe áirithe, na cinn seo ina measc:

- Airgead nár leis an gcliant é a tharraingt as cuntas an chliaint;
- Airgead de chuid an chliaint a thaisceadh i gcuntas na hoifige;
- Dochar díreach a íoc as cuntas an chliaint;
- Muirir agus/nó táillí bainc a tharraingt as cuntas an chliaint;
- Airgead nár leis an gcliant é a íoc le cuntas an chliaint (mar shampla, luachálacha);
- Ráiteas comhardaithe nach raibh ar fáil tráth an iniúchta; agus
- Gan aon taifead de thairiscintí don mhaoin a ndearnadh imscrúdú uirthi tráth an iniúchta

In 11 cás, forchuireadh Comhairle mar mhion-smachtbhanna i dtaobh nithe áirithe, na cinn seo ina measc:

- Ní raibh cárta ceadúnais de chuid an Údaráis ag an gceadúnaí le go bhféadfaí cigireacht a dhéanamh air;
- Uimhir cheadúnais mhícheart ar fhógraí ar MyHome.ie;
- Ní raibh uimhir an cheadúnais ar shonrasc;
- Níor cuireadh Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) i gcrích;
- Ní raibh aon Chlár Cuntas Bainc i bhfeidhm; agus
- Cuntais cliant in dhá institiúid airgeadais éagsúla gan aon chead ón Údarás

I bhformhór na gcásanna, sonraíodh i dtorthaí anailíse nó iniúchta gur forchuireadh ní ba mhó ná mion-smachtbhanna amháin ar ghnó ceadúnaithe agus, dá bharr sin, gur mó líon na mion-smachtbhannaí féin ná an líon gnólachtaí ar forchuireadh smachtbhanna orthu. Tugtar **i dTábla 12** líon na mion-smachtbhannaí a forchuireadh i leith iniúchtaí críochnaithe.

**Tábla 12 – Miondealú ar an líon mion-smachtbhannaí a forchuireadh de réir an iniúchta ar chomhlíonadh a tugadh chun críche**

| An Líon Iniúchtaí ar Chomhlíonadh | Líon na Mion-Smachtbhannaí a Forchuireadh |
|---|---|
| 14 | 1 |
| 14 | 2 |
| 6 | 3 |
| 5 | 4 |
| 5 | 5 |
| 3 | 7 |
| 2 | 8 |
| 1 | 9 |
| 1 | 10 |
| 1 | 13 |
| 1 | 16 |
| 1 | 18 |


## Gnóthaí Ceadúnaithe a ndearnadh Iniúchadh orthu

Rinneadh iniúchadh in 2023 ar 237 gnó ceadúnaithe den dara huair. Rinneadh iniúchadh ar líon beag gnóthaí ceadúnaithe níos mó ná dhá uair toisc gur aithin an tÚdarás go raibh cúiseanna imní ann. Rinneadh iniúchadh ar 54 gnó ceadúnaithe nua den chéad uair in 2023.

Tugtar léiriú **i gCairt 8** ar an toradh ón dara hiniúchadh ar chomhlíonadh a rinneadh ar na gnóthaí ceadúnaithe i gcomparáid leis an gcéad cheann a rinneadh orthu. As an 237 gnó ceadúnaithe a ndearnadh iniúchadh orthu den dara huair, fuarthas go raibh 134 ceann acu comhlíontach an dá uair sin. Cuireadh smachtbhannaí i bhfeidhm ar 67 gnólacht ceadúnaithe nuair a rinneadh an chéad iniúchadh ar chomhlíonadh.

Fuarthas go raibh 52 ceann acu sin comhlíontach agus 15 cinn acu neamhchomhlíontach ansin nuair a rinneadh an dara hiniúchadh ar chomhlíonadh. I dtromlach na gcásanna, bhí difear ann idir na sáruithe a sonraíodh ansin agus na cinn a sonraíodh sa chéad iniúchadh ar chomhlíonadh. Maidir le 25 gnó ceadúnaithe a bhfuarthas go raibh siad comhlíontach nuair a rinneadh an chéad iniúchadh, fuarthas go raibh siad neamhchomhlíontach sa dara hiniúchadh mar gheall ar mhionrudaí. As an 11 ghnó cheadúnaithe a fuarthas nach raibh seirbhís maoine á soláthar acu tráth a ndearnadh an chéad iniúchadh ar chomhlíonadh orthu, ní raibh seirbhís maoine á soláthar ag 8 gcinn acu de réir bhrí an Achta nuair a rinneadh an dara hiniúchadh ar chomhlíonadh orthu agus fuarthas go raibh 3 cinn acu comhlíontach.


**Cairt 8: Comparáid idir an chéad iniúchadh agus an dara hiniúchadh ar chomhlíonadh**




- Comhlíontach sa chéad agus sa dara hiniúchadh
- Neamhchomhlíontach sa chéad agus sa dara hiniúchadh
- Comhlíontach sa chéad iniúchadh agus Neamhchomhlíontach sa dara hiniúchadh
- Neamhchomhlíontach sa chéad iniúchadh agus Comhlíontach sa dara hiniúchadh
- Ní raibh seirbhís maoine á cur ar fáil tráth an chéad iniúchta agus Comhlíontach sa dara hiniúchadh
- Ní raibh seirbhís maoine á soláthar tráth an dara hiniúchadh

As an 54 gnó ceadúnaithe a ndearnadh iniúchadh orthu den chéad uair, measadh go raibh 41 ceann acu comhlíontach, 12 cheann acu neamhchomhlíontach agus ceann amháin acu (1) nach raibh seirbhís maoine á cur ar fáil ann, mar atá le feiceáil **i gCairt 9**.

**Cairt 9: Torthaí ó na Gnóthaí Ceadúnaithe a ndearnadh iniúchadh orthu den chéad uair**




- Comhlíontach
- Neamhchomhlíontach
- Ní raibh seirbhís maoine á soláthar

## Achomhairc i gcoinne Smachtbhannaí a Forchuireadh

Thug an Bord Achomhairc dhá achomharc chun críche in 2023 a rinneadh i gcoinne smachtbhannaí a forchuireadh tar éis iniúchtaí a dhéanamh ar chomhlíonadh.

Tar éis iniúchadh comhlíonta a rinneadh ar cheann de na gnóthaí ceadúnaithe, rinneadh dhá Iomardú agus Rabhadh a fhorchur mar smachtbhannaí mar gheall ar sháruithe ar na Rialacháin maidir le hAirgead Cliant.

Tar éis breithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí a fuarthas ón Achomharcóir agus ón Údarás, ba dheimhin leis an mBord Achomhairc gurbh oiriúnach na smachtbhannaí a d'fhorchuir an tÚdarás agus rinneadh an tAchomharc a dhíbhe.

Bhain an dara hachomharc a fuarthas le Rabhadh a forchuireadh mar smachtbhanna de bharr go ndearnadh Rialachán 6(6)(ii) de na Rialacháin um Airgead Cliant a shárú.

Mar chuid d'fhianaise a tugadh san achomharc, thug an tAchomharcóir le fios gur thit na heachtraí amach in aimsir Covid-19 agus i dtréimhsí den dianghlasáil nuair a bhí an tAchomharcóir (an ceadúnaí) agus baill foirne an Achomharcóra ag obair ó chian.

Chinn an Bord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine nárbh é nach ndearna an tAchomharcóir na táillí a thógáil amach ó chuntas an chliaint go tráthúil agus, dá bhrí sin, nach raibh aon iompar míchuí ann ar thaobh an cheadúnaí. Glacadh leis an achomharc agus níor forchuireadh aon smachtbhanna ar an Achomharcóir.

**Cás-Staidéar**

### Míbhainistíocht Airgid Cliaint

Cheap an tÚdarás Cigirí le himscrúdú iniúchta ar chomhlíonadh a dhéanamh ar Sholáthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe a raibh seirbhísí díolacháin agus ligin á soláthar aige. Bhí raon feidhme an iniúchta ar chomhlíonadh dírithe ar éarlaisí agus cistí cliaint a láimhseáil.

Fuarthas amach san imscrúdú go raibh an Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe i ndiaidh ailt áirithe den Acht agus de na Rialacháin maidir le hAirgead Cliant a shárú, lena n-áirítear:

- Taisceadh airgid nár leis an gcliant é i gcuntas an chliaint.
- Airgead tirim a tharraingt as cuntas an chliaint.
- Airgead tirim a aistriú ó chuntas an chliaint go cuntas na hoifige le go bhféadfaí airgead tirim a íoc le daoine seachas cliaint.
- Leabhair easnamhacha chuntais le go bhféadfaí cuntas ceart a thabhairt ar airgead de chuid cliant.

D'aimsigh cigirí 14 chás ina ndearnadh na Rialacháin maidir le hAirgead Cliant, 2012, a shárú.

Ba dheimhin leis na Cigirí go raibh an Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe tar éis gabháil d'iompar míchuí a tháinig faoi réir chuid (a) den sainmhíniú ar iompar míchuí atá san Acht, is é sin nach duine cuí cóir a thuilleadh an Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe chun seirbhísí maoine a sholáthar.

Agus an smachtbhanna cuí á mheas, chuir an tÚdarás meascán cúinsí san áireamh. Forchuireadh mór-smachtbhanna ina dhá chuid.

- Íocaíocht €5,000 leis an Údarás a bhain le costais as an imscrúdú a dhéanamh.
- Íocaíocht €5,000 leis an Údarás mar phionós airgeadais mar chúiteamh ar na gníomhartha arna ndéanamh ag an Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe trína ndearnadh na Rialacháin maidir le hAirgead Cliant, 2012, a shárú 14 uair.

Níor chuir an Soláthraí Seirbhísí Maoine i gcoinne an smachtbhanna. Dhearbhaigh Uachtarán na hArd-Chúirte na smachtbhannaí ar an 16 Eanáir 2023.

## An Ciste Cúitimh

Déanann an tÚdarás an Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine, a bunaíodh faoin Acht, a riar. Maoinítear an Ciste le ranníocaíochtaí bliantúla ón earnáil inarb ionann an leibhéal ranníocaíochta atá iníoctha isteach sa Chiste ag Fostóir Seirbhísí Maoine agus €200 in aghaidh na bliana agus €50 in aghaidh na bliana ag Fostaí.

I gcás inar deimhin leis an Údarás go bhfuil caillteanas fulaingthe ag cliant de chuid Soláthraí ceadúnaithe Seirbhísí Maoine de dheasca mímhacántachta ar thaobh an tSoláthraí cheadúnaithe Seirbhísí Maoine, féadfaidh sé deontas a thabhairt don chliant as an gCiste, é sin faoi réir coinníollacha áirithe atá sonraithe san Acht.

Bhí €4,929,654 de mhéid creidmheasa sa Chuntas an 31 Nollaig 2023.

Bhí cinneadh fós le déanamh ag an Údarás an 1 Eanáir 2023 maidir le seacht n-éileamh ar an gCiste Cúitimh. Fuarthas sé éileamh breise ar an gCiste Cúitimh le linn na bliana. Tháinig an tÚdarás ar chinneadh i dtaca le seacht n-éileamh. Tugadh deontas ón gCiste Cúitimh in 2 cheann acu sin. Chomh maith leis sin, rinneadh deontas amháin (1) a bronnadh in 2022 a phróiseáil in 2023. Mar sin, rinneadh 3 íocaíocht ón gCiste in 2023. Bhí cinneadh fós le déanamh ag an Údarás maidir le 5 éileamh an 31 Nollaig 2023. Tugtar achoimre i dTábla 13 ar na héilimh a próiseáladh in 2023.

**Tábla 13: Achoimre ar Éilimh ar an gCiste Cúitimh in 2023**

| Éilimh ar an gCiste Cúitimh | An líon Éileamh |
|---|---|
| Éilimh Chúitimh ar láimh an 1 Eanáir 2023 | 7 |
| Éilimh a Fuarthas in 2023 | 6 |
| Cinntí maidir le hÉilimh in 2023 | |
| Éilimh a Ceadaíodh ina nIomláine | 4 |
| Éilimh a Ceadaíodh i bPáirt | 8 |
| Éilimh a Diúltaíodh | 8 |
| Deontais a bronnadh in 2022 agus a próiseáladh in 2023 | 1 |
| Deontais Iomlána a bronnadh ón gCiste in 2023 | **3** |
| An méid iomlán a íocadh as an gCiste Cúitimh in 2023 | €8,299 |
| Éilimh ar láimh an 31 Nollaig 2023 | 5 |

## Achomhairc in aghaidh Cinntí maidir leis an gCiste Cúitimh

Tá cinntí an Údaráis a bhaineann le héilimh ar an gCiste Cúitimh faoi réir achomhairc chuig an mBord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine mar a fhoráiltear le halt 13, Sceideal 5 den Acht Seirbhísí Maoine (Rialacháin), 2011. Bhí cás achomhairc amháin os comhair an Bhoird Achomhairc agus cinneadh fós le déanamh air an 1 Eanáir 2023. Dhiúltaigh an Bord Achomhairc an t-achomharc seo a shocrú toisc nach raibh an t-achomharc faoina údarás reachtúil. In 2023, cuireadh achomharc breise faoi bhráid an Bhoird Achomhairc, tar éis don Údarás cinneadh a dhéanamh gan deontas ón gCiste Cúitimh a thabhairt d'éilitheoir.

Bhí cás achomhairc amháin os comhair an Bhoird Achomhairc agus cinneadh fós le déanamh air an 31 Nollaig 2023.

## Árachas a chur ar an gCiste Cúitimh

Chuir an tÚdarás árachas athuair ar an gCiste Cúitimh i mí Dheireadh Fómhair 2023 chun an Ciste a chosaint agus lena chinntiú gur féidir freastal ar éilimh ar an gCiste.

## Cás-staidéar ar an gCiste Cúitimh

Le forléargas ginearálta a thabhairt ar na cineálacha éileamh cúitimh a mbíonn an tÚdarás ag plé leo go rialta, tá breac-chuntas anseo ar achoimre anaithnidithe amháin ar éileamh ar an gCiste a tugadh chun críche in 2023:

**Cás-Staidéar**

### Míleithreasú Táillí Bainistíochta

Fuair an tÚdarás éileamh ar dheontas ón gCiste Cúitimh ó úinéir árasáin i bhforbraíocht chónaithe i gcás a bhain le míleithreasú líomhnaithe táillí bainistíochta arna dhéanamh ag Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe.

Mar chuid den mheasúnú tosaigh ar an éileamh, d'iarr an tÚdarás soiléiriú ar an Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe agus faisnéis ar thríú páirtithe iomchuí. Nuair a rinneadh an measúnú tosaigh, rinne Coiste Comhairleach an Chiste Cúitimh an t-éileamh a mheas sular cuireadh faoi bhráid Bhord an Údaráis é. Ba dheimhin leis an Údarás gur chaill an t-éilitheoir de réir mar a cuireadh é sin in iúl sa ghearán, é sin mar thoradh ar mhímhacántacht an iar-Sholáthraí Seirbhísí Maoine cheadúnaithe. Tugadh treoir go dtabharfaí deontas ón gCiste Cúitimh don éilitheoir.

## Údarás Inniúil chun plé le Frithsciúradh Airgid

Is é an tÚdarás Comhlacht Inniúil an Stáit le haghaidh Soláthraithe Seirbhísí Maoine chun críocha alt 4 den Acht um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010.

Tá sé de fhreagracht ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine ceadúnaithe an reachtaíocht chuí go léir a bhaineann leo maidir le frithsciúradh airgid a léamh agus a thuiscint agus gníomhú dá réir. Ina cháil mar an t-údarás inniúil, tugann an tÚdarás treoir do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine ceadúnaithe maidir leis na beartais agus na nósanna imeachta iomchuí is gá a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm lena chinntiú go cloífear leis an reachtaíocht maidir le Frithsciúradh Airgid (AML)/Comhrac Mhaoiniú na Sceimhlitheoireachta. I gcomhréir leis sin, déanann an tÚdarás iniúchtaí ar chomhlíonadh i dtaobh Frithsciúradh Airgid ar ghnóthaí ceadúnaithe. Déantar an t-iniúchadh ar chomhlíonadh i dtaobh Frithsciúradh Airgid taobh le hiniúchtaí ar chomhlíonadh. Mar sin, ar aon dul le hiniúchtaí ar chomhlíonadh, déanfar iniúchadh ar chomhlíonadh i dtaobh Frithsciúradh Airgid ar gach gnó ceadúnaithe uair amháin gach cúig bliana ar a laghad.

Mar chuid den phróiseas iniúchta ar chomhlíonadh i dtaobh Frithsciúradh Airgid, déantar gnóthaí a mheas i dtaca le comhlíonadh sna réimsí seo a leanas:


- Alt 30(A) Measúnú Riosca Gnó;
- Alt 30(B) Measúnú Riosca Cliaint;
- Alt 33 Dícheall Cuí don Chustaiméir;
- Alt 37 Daoine atá faoi Riteacht Pholaitiúil;
- Alt 42 Idirbhearta amhrasacha a Thuairisciú;
- Alt 54(1-5) Nósanna Imeachta;
- Alt 54(6) Oiliúint; agus
- Alt 55 Taifid a Choinneáil

Chuir an tÚdarás 270 iniúchadh ar chomhlíonadh maidir le frithsciúradh airgid i gcrích in 2023. Astu siúd, fuarthas go raibh 242 ceadúnaí comhlíontach ar lá an iniúchta. Rinneadh réimsí den neamhchomhlíonadh a shonrú in 28 ceann d'iniúchtaí ar chomhlíonadh i dtaobh Frithsciúradh Airgid. Chuir an tÚdarás an treoir agus an chomhairle riachtanach ar fáil do na gnólachtaí ceadúnaithe sin chun comhlíonadh a bhaint amach. Ina dhiaidh sin, chuir gach ceann de na gnóthaí ceadúnaithe fianaise ar fáil go raibh siad comhlíontach.

## Gach Sárú a aimsíodh

San iomlán, rinneadh 85 réimse den neamhchomhlíonadh a shonrú i measc an 28 gnó ceadúnaithe a raibh treoir ag teastáil uathu sula ndearnadh cinneadh deiridh go raibh na gnóthaí comhlíontach. I bhformhór na gcásanna, rinneadh ní ba mhó ná réimse amháin den neamhchomhlíonadh a shonrú agus, dá bhrí sin, tá líon na sáruithe níos mó ná an líon gnólachtaí arbh éigean don Údarás ordú a thabhairt dóibh. **I gCairt 10** thíos tá achoimre ar gach réimse den neamhchomhlíonadh lenar bhain an 28 gnó ceadúnaithe seo.

**Cairt 10: Gach réimse den neamhchomhlíonadh a sonraíodh in 2023**




- Measúnú Riosca Gnó
- Measúnú Riosca Cliaint
- Oiliúint
- Daoine atá faoi Riteacht Pholaitiúil
- Taifid a Choinneáil
- Dícheall Cuí don Chustaiméir
- Nósanna Imeachta

Nóta: Níor taifeadadh aon sáruithe sa chatagóir 'Tuairiscí ar Idirbhearta Amhrasacha' in 2023

Chuaigh an tÚdarás i mbun plé leis na gnóthaí ar fad a raibh sáruithe iontu. Thug an tÚdarás comhairle do na gnóthaí ceadúnaithe faoin tábhacht a bhaineann le doiciméid maidir le Frithsciúradh Airgid a choinneáil cothrom le dáta. Iarradh ar gach gnó ceadúnaithe na cáipéisí leasaithe chun dáta a chur faoi bhráid an Údaráis i gcás gur sonraíodh sáruithe mar chuid den iniúchadh ar chomhlíonadh. Agus a cáipéisí sin faighte agus nuair ba dheimhin leis an Údarás nárbh ann do na sáruithe a thuilleadh, rinneadh socrú deiridh go raibh na gnóthaí ceadúnaithe comhlíontach.

I gcás nach gcuireann gnólacht ceadúnaithe na doiciméid a éilítear faoi bhráid an Údaráis, féadfaidh an tÚdarás treoir a eisiúint de bhun alt 71(1)(b) chun forálacha ginearálta an Achta um Cheartas Coiriúil (Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta), 2010, a chomhlíonadh. Níor eisíodh aon treoracha mar sin in 2023.

# Rannphháirtíocht, Cláir Réadmhaoine agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach



## Rannpháirtíocht

Tapaíonn an tÚdarás gach deis chun rannpháirtíocht na hearnála agus eolas an phobail ar ról agus ar fheidhm an Údaráis a chur chun cinn.

*Feasacht Branda*

Mar chuid de Phlean Straitéiseach 2020-2023 an Údaráis, tugadh faoi shuirbhé náisiúnta aitheanta brandála le heolas a chur ar thuiscint an phobail maidir le rialáil na hearnála seirbhísí maoine agus faoin Údarás mar Rialálaí.

Fuarthas amach i dtorthaí an tsuirbhé gur chreid na daoine siúd a rinne teagmháil leis an Údarás maidir le ceist nó gearán go raibh tionchar fiúntach ag baint leis an bplé sin agus gur chuir an tÚdarás modh tábhachtach ar fáil do thomhaltóirí (a raibh eolas acu ar fhreagrachtaí an Údaráis) trína bhféadfaidís faisnéis a lorg. Déanfaidh an tÚdarás forbairt leanúnach ar an rannpháirtíocht seo feasta.

*Feachtais Feasachta Poiblí*

Thug an tÚdarás faoi fheachtais sna meáin in 2023 le feasacht an phobail a fhorbairt i dtaobh cúrsaí rialála san earnáil seirbhísí maoine.

Bhíothas dírithe ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaire ligin ceadúnaithe a úsáid mar chuid d'fheachtas raidió, sóisialta agus digiteach go mall sa samhradh. Bhí béim ar leith ar fheasacht a fhorbairt i measc mic léinn ar choláistí agus ollscoileanna a bhí sa tóir ar lóistín do mhic léinn don bhliain acadúil a bhí le teacht.

Craoladh feachtas eile raidió, sóisialta agus digiteach do 2023 i rith mhí na Samhna agus mhí na Nollag. Bhí an feachtas seo dírithe ar an tábhacht a bhaineann le Soláthraí Seirbhísí Maoine ceadúnaithe a úsáid.

De réir cheanglais Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, chuir an tÚdarás fógraí i gcló san iris Ghaeilge Comhar agus reáchtáladh 20% de na feachtais raidió, dhigiteacha agus shóisialta go léir trí mheán na Gaeilge.

*Rannpháirtíocht Earnála*

Bhí an tÚdarás ag plé go leanúnach leis an earnáil i rith 2023: foilsíodh a nuachtlitir uair gach ráithe, cuireadh fógraí eolais ar leith chuig ceadúnaithe, bhíothas i láthair ar imeachtaí dírithe ar an earnáil agus páirteach iontu agus rinneadh leasuithe chun dáta ar láithreán gréasáin Údaráis.

Lena chois sin, reáchtáil an tÚdarás seimineáir ar fud na tíre a bhí dírithe go sonrach ar na margaí beostoic. Ba é ba chuspóir leis na seimineáir seo cúnamh agus tacaíocht a thabhairt do mhargaí tuiscint a fháil ar a n-oibleagáidí reachtúla faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 agus faoi na Rialacháin um Airgead Cliant, 2012. D'fhreastail neart daoine ar na himeachtaí seo agus bhí deiseanna iontacha ann don phlé idir foireann na margaí agus an tÚdarás.

*Fóram an Údaráis*

Bhí dhá chruinniú in 2023 ag Fóram an Údaráis, fóram ar a bhfuil ionadaithe ó chomhlachtaí gairmiúla, institiúidí oideachais, comhlachtaí earnála gaolmhara agus grúpaí tomhaltóirí le plé a dhéanamh ar cheisteanna líne tosaigh, straitéiseacha agus riaracháin a bhaineann le rialáil na hearnála. Foinse luachmhar faisnéise agus rannpháirtíochta atá san Fhóram i gcónaí

## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Déantar foráil le scéim FGL (forbairt ghairmiúil leanúnach) an Údaráis go ndéanfaidh gach ceadúnaí de chuid an Údaráis cúig uair an chloig go foirmiúil de FGL atá creidiúnaithe ag an Údarás i ngach bliain féilire. Is é is cuspóir don chlár éigeantach seo inniúlacht ghairmiúil Soláthraithe Seirbhísí Maoine a choimeád i bhfeidhm le go mbeidh níos mó iontaoibhe ag an bpobal as an earnáil.

Cuireadh tús le clár forbartha gairmiúla leanúnaí 2023 i mí an Mhárta nuair a cuireadh modúil ar éileamh ar fáil ón dá sholáthraí chreidiúnaithe a mbíonn an tÚdarás ag plé leo, is iad sin Institiúid na gCeantálaithe agus na Luachálaithe Gairmiúla (IPAV) agus Cumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann (SCSI).

Chuir IPAV agus SCSI seimineáir ghréasáin bheo i láthair le linn na bliana. D'fhreastail foireann an Údaráis ar an gcuid is mó de na seimineáir ghréasáin seo. Bhí deis ann dul i mbun plé le Ceadúnaithe mar chuid de sheisiún ceisteanna agus freagraí ar glacadh go han-dearfach leis.

Ba é 89.7% an ráta comhlíontachta do 2023 ar an 31 Nollaig 2023.

Bhí plé leanúnach ann in 2023 idir an tÚdarás agus na soláthraithe FGL i dtaobh na dtorthaí ó athbhreithniú 2022 ar an gclár FGL. Dá thairbhe sin, tá rogha níos leithne anois ag ceadúnaithe as topaicí na modúl.

## Cláir Réadmhaoine

Foilsíonn an tÚdarás dhá chlár réadmhaoine, is iad sin an Clár Praghsanna Réadmhaoine Cónaithe agus Clár na Léasanna Tráchtála.

*An Clár Praghsanna Réadmhaoine Cónaithe*

Déantar faisnéis a bhaineann le gach díolachán maoine cónaithe i bPoblacht na hÉireann a fhoilsiú sa Chlár Praghsanna Maoine Cónaithe. Mar chuid den fhaisnéis atá foilsithe tá an praghas, dáta an díolacháin agus an seoladh ó gach réadmhaoin chónaithe a díoladh sa stát ó Eanáir 2010 ar aghaidh. Faightear an fhaisnéis i dtaobh na bpraghsanna ag baint le díolachán maoine ó rannóg leictreonach dleachta stampála na gCoimisinéirí Ioncaim. Déantar an fhaisnéis sin a nuashonrú ar láithreán gréasáin an Údaráis gach seachtain. Meastar gur tugadh 1.69 milliún cuairt ar an gClár Praghsanna Maoine in 2023. Mar sin, is é seo an clár is mó de chuid an Údaráis ó thaobh líon cuairteanna de.

*An Clár Léasanna Tráchtála*

Déantar faisnéis a bhaineann le gach léas tráchtála i bPoblacht na hÉireann a fhoilsiú sa Chlár Léasanna Tráchtála. Le halt 88 den Acht, ceanglaítear ar thionóntaí léasanna tráchtála faisnéis shonraithe a bhaineann leis an léas a chlárú leis an Údarás.

Bhí an ráta náisiúnta comhlíonta ar 74.02% an 31 Nollaig 2023, ar méadú 4.4% é sin i gcomparáid leis an ráta comhlíonta ag deireadh 2022. Déanann an tÚdarás iarracht i gcónaí comhlíonadh a chur chun cinn agus a spreagadh sa réimse seo.

Sa tríú ráithe de 2023, thug an tÚdarás faoi bheart rannpháirtíochta spriocdhírithe mar chuid d'iarracht le méadú a bhaint amach ar an ráta comhlíonta i gcás tuairisceáin tionóntaí ar chlár na Léasanna Tráchtála.

Bhí tionchar dearfach ag an mbeart seo agus, dá bharr, tháinig méadú bliain i ndiaidh bliana ar líon na dtuairisceán maidir le Léasanna Tráchtála a chuirtear faoi bhráid an Údaráis.


Tugtar miondealú **i dTábla 14** ar an ráta maidir le comhlíonadh de réir contae ag deireadh 2023 i gcomparáid le deireadh 2022.

**Tábla 14: An Ráta Comhlíonta ina Chéatadán de réir Contae**

| An Ráta Comhlíonta ina Chéatadán de réir Contae 2023 v 2023 | | | |
|---|---|---|---|
| Contae | 2023 | 2022 | Méadú |
| Ceatharlach | 77.71 | 70.79 | 6.92 |
| An Cabhán | 70.12 | 65.71 | 4.41 |
| An Clár | 75.40 | 71.88 | 3.52 |
| Corcaigh | 79.78 | 76.40 | 3.38 |
| Dún na nGall | 74.99 | 71.63 | 3.36 |
| Baile Átha Cliath | 71.05 | 66.27 | 4.78 |
| Gaillimh | 72.46 | 68.21 | 4.24 |
| Ciarraí | 76.49 | 72.17 | 4.33 |
| Cill Dara | 69.94 | 65.05 | 4.89 |
| Cill Chainnigh | 77.94 | 74.29 | 3.66 |
| Laois | 76.50 | 71.85 | 4.66 |
| Liatroim | 71.85 | 69.05 | 2.80 |
| Luimneach | 73.07 | 61.13 | 11.94 |
| Longfort | 71.08 | 66.93 | 4.15 |
| Lú | 68.03 | 68.48 | -0.45 |
| Maigh Eo | 74.49 | 70.27 | 4.22 |
| An Mhí | 71.53 | 66.22 | 5.31 |
| Muineachán | 72.04 | 66.98 | 5.06 |
| Uíbh Fhailí | 72.57 | 67.33 | 5.24 |
| Ros Comáin | 73.97 | 69.53 | 4.44 |
| Sligeach | 73.14 | 67.84 | 5.30 |
| Tiobraid Árann | 75.98 | 72.82 | 3.16 |
| Port Láirge | 75.39 | 70.44 | 4.94 |
| An Iarmhí | 72.43 | 67.71 | 4.72 |
| Loch Garman | 77.74 | 73.26 | 4.49 |
| Cill Mhantáin | 70.75 | 66.30 | 4.45 |

**I gCairt 11** tugtar miondealú céatadáin ar gach tuairisceán léasa de réir cineál maoine a cuireadh faoi bhráid an Údaráis in 2023. An cineál maoine faoina ndearnadh an líon ab airde tuairisceán in 2023 ná talamh talmhaíochta, arbh é sin 45% de na tuairisceáin ar fad a rinneadh.

**Cairt 11: Gach Tuairisceán Léasa de réir Cineál Maoine**



# Gnóthaí Corparáideacha



## Gnóthaí Corparáideacha

### Acmhainní Foirne

Déantar monatóireacht i rith an ama ar struchtúr foirne na heagraíochta agus cuirtear i gcomparáid é le spriocanna agus cuspóirí sonracha. De réir mar atá forbairt leanúnach ar ghníomhaíochtaí an Údaráis, déantar athbhreithniú ar acmhainní agus ar an struchtúr de réir mar is iomchuí agus, nuair a theastaíonn aon acmhainní breise, téann an tÚdarás i mbun plé leis an Rannóg um Rialachas Sibhialta agus leis na hAcmhainní Daonna sa Roinn Dlí agus Cirt.

Maidir le struchtúr foirne an Údaráis, struchtúr ceithre Aonad atá ann. Tá Príomhoifigeach Cúnta i gceannas ar gach Aonad acu sin, iad ag tacú leis an POF agus gach duine acu freagrach as ceann acu seo:

1. Ceadúnú
2. Forbairt Straitéiseach, Rialachas, Cumarsáid agus FGL
3. Gnóthaí Corparáideacha agus Cláir Réadmhaoine
4. Imscrúduithe, Frithsciúradh Airgid agus Ciste Cúitimh

Tháinig Oifigeach Cléireachais amháin chun bheith ag obair san Údarás le linn na bliana. I ndeireadh na bliana, chomh maith leis an bPríomhfheidhmeannach, bhí 36.3 ball foirne i gcoibhéis lánaimseartha san Údarás: Ceathrar (4) Príomhoifigeach Cúnta, Deichniúr (10) Ardoifigeach Feidhmiúcháin, 1 Oifigeach Riaracháin amháin, 10.8 Oifigeach Feidhmiúcháin agus 10.5 Oifigeach Cléireachais. Léirítear sa Struchtúr Foirne **i gCairt 12** struchtúr na heagraíochta ar leibhéal na hardbhainistíochta.

### Acmhainní Seachfhoinsithe

Bhí IP Forensics Ltd. fós ag tabhairt faoi imscrúduithe thar ceann an Údaráis in 2023. Chomh maith leis na himscrúduithe iniúchóireachta a rinneadh maidir le comhlíonadh, thug na Cigirí seachfhoinsithe cuidiú chun imscrúduithe a dhéanamh ar ghearáin. Rinne an tÚdarás IP Forensics Ltd a fhostú arís le seirbhísí tacaíochta imscrúdaithe a sholáthar le linn 2023 tar éis próiseas tairisceana a dhéanamh.


### Acmhainní Sealadacha

I rith 2023, bhí triúr (3) oifigeach cléireachais sealadach ag tacú leis an Údarás, 81 seachtain oibre san iomlán eatarthu, chun cabhrú le próiseáil iarratas ar athnuachaintí ceadúnas agus le tacaíocht riaracháin. Bhíothas in ann cuspóirí an Údaráis a bhaint amach go héifeachtach toisc go raibh na hacmhainní breise seo ar fáil don Údarás.

### An tÚdarás a Mhaoiniú

Gach bliain, déantar na táillí a ghineann an tÚdarás a íoc go díreach isteach sa Státchiste agus déanann an Státchiste soláthar airgeadais faoi chomhair an Údaráis ansin. Is é €1,000 in aghaidh na bliana an táille cheadúnais nó an táille athnuachana ceadúnais atá le híoc ag Fostóir Seirbhísí Maoine agus is é €100 in aghaidh na bliana an táille atá le híoc ag Fostaí. In 2023, d'íoc an tÚdarás táillí ceadúnais €2,290,000.00 leis an Státchiste.

**Chart 12: Staffing Structure at 31 December 2023**




**POF** - Príomhoifigeach Feidhmiúcháin **PC** - Príomhoifigeach Cúnta

## Rialachas Corparáideach

Tá Rialachas Corparáideach laistigh de ÚRSM bunaithe orthu seo a leanas:

- An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011;
- Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú;
- An Cód Iompair Gnó do chomhaltaí an Údaráis; agus
- Nósanna imeachta Airgeadais agus Soláthair.

Ina cháil mar chomhlacht poiblí, comhlíonann an tÚdarás na nithe iomchuí go léir a bhaineann le rialachas corparáideach arna n-eisiúint ag an Roinn Dlí agus Cirt, ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe agus ag aon Roinn eile Rialtais. Rinne an tÚdarás Comhaontú Maoirseachta trí bliana leis an Roinn Dlí agus Cirt in 2022 chun an tréimhse 2023-2025 a chlúdach. Chomh maith leis sin, shocraigh an tÚdarás Comhaontú Soláthar Feidhmíochta leis an Roinn Dlí agus Cirt don bhliain 2023. Tá an dá chomhaontú sin ar láithreán gréasáin na Roinne Dlí agus Cirt agus ar láithreán gréasáin an Údaráis faoi seach.

Tugtar sainordú sa Chomhaontú Maoirseachta nach mór cloí i gcónaí leis na ceanglais iomchuí sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Leagtar amach sa Chomhaontú Soláthar Feidhmíochta príomhspriocanna an Údaráis do 2023. Tá leagtha amach ann na táscairí ó thaobh aschuir agus torthaí de ar cheart an fheidhmíocht sin a mheas ina leith. Rinneadh athbhreithniú ar an dá chomhaontú le linn na bliana agus chomhlíon an tÚdarás a cheanglais ina dtaobh.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú agus as breith a thabhairt gur léargas cothrom fíor atá sna ráitis airgeadais do 2023 ar fheidhmíocht airgeadais an Údaráis agus ar a staid airgeadais ag deireadh na bliana sin. Tá a chuid oibleagáidí uile faoin dlí cánach comhlíonta ag an Údarás.

Ós rud é go dtagann an tÚdarás faoi shainchúram na Roinne Dlí agus Cirt, tá sé faoi réir iniúchadh bliantúil a dhéanann rannóg Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne sin. Chomh maith leis sin, déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh bliantúil ar an Údarás lena chinntiú go bhfuil leabhair chuntais chuí ann agus go gcloítear le próisis agus le nósanna imeachta.

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an tÚdarás na feidhmeanna sin faoi mar a fhoráiltear faoi alt 19 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011, lena n-áirítear pé eolas a chur ar fáil de réir mar is gá, maidir le comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin. Cuireann an Príomhfheidhmeannach an t-eolas is deireanaí faoin bPlean Straitéiseach agus faoin gClár Rioscaí i láthair i ngach cruinniú reachtúil Boird de chuid an Údaráis. Tá an tÚdarás tiomanta go hiomlán i dtaobh a chinntiú go gcothaíonn an tÚdarás cultúr láidir den rialachas corparáideach i ngach ceann dá fheidhmeanna agus dá fhreagrachtaí.

## An Cód Caiteachais Phoiblí

Chloígh an tÚdarás leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i rith na bliana.

## Feidhmiú an Údaráis

Tá Cathaoirleach an Údaráis i gceannas ar an mBord agus freagrach as a chinntiú bhfeidhmíonn an Bord go héifeachtach de thoradh ar a ghnó a eagrú agus a chlár oibre a shocrú. Chomh maith leis an gCathaoirleach, tá deichniúr (10) comhaltaí eile san Údarás a bhfuil réimse leathan scileanna láidre comhlántacha acu. Roimh gach cruinniú de chuid an Údaráis, déantar na tuarascálacha agus na páipéir ábhartha, lena n-áirítear sonraí feidhmíochta airgeadais agus mionsonraí ar an dul chun cinn is deireanaí agus ar chur i bhfeidhm an Phlean Straitéisigh de réir mar is cuí, a chur ar fáil do chomhaltaí an Údaráis. Bíonn deis ag an mBord na tuarascálacha sin a phlé agus an scéal is deireanaí a fháil ón bPríomhfheidhmeannach a bhíonn i láthair ag cruinnithe an Bhoird.

I measc phríomhfhreagrachtaí an Bhoird tá:

- Plean bliantúil agus buiséad bliantúil an Údaráis a cheadú agus a mheas;
- Saincheisteanna beartais ar nós Pleananna Straitéiseacha a fhorbairt, athbhreithniú ar réimsí oibre agus cóid chleachtais a chomhlíonadh;
- Coistí comhairleacha a cheapadh;
- Rialacháin a fhorbairt agus a chur i ngníomh;
- Breithniú ar dheontais ón gCiste Cúitimh; agus
- Breithniú ar Thuarascálacha Críochnaitheacha Imscrúdaithe

Dheimhnigh agus cheadaigh an Bord sceideal feidhmeanna a tarmligeadh do Phríomhfheidhmeannach an Údaráis ag an gcruinniú a bhí ag an mBord ar an 4 Nollaig 2023. Áirítear orthu sin:

- Eisiúint agus diúltú ceadúnas agus nithe gaolmhara;
- Imscrúdú ar ghearáin, lena n-áirítear Cigirí a cheapadh chun imscrúdú a dhéanamh;
- An Clár Praghsanna Réadmhaoine agus an Clár Léasanna Tráchtála a bhunú agus a chothabháil;
- Iarratais chun na hArd-Chúirte; agus
- Ceart an Údaráis dul sa tóir ar sholáthraithe ceadúnaithe i gcomhair airgead a íocadh as an gCiste Cúitimh (Seachaíocht).

## Meastóireacht Feidhmíochta an Údaráis

Thug comhaltaí de chuid an Údaráis faoi mheastóireacht feidhmíochta féinmheasúnaithe ar an Údarás in 2023 mar a éilítear faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Déanann Cathaoirleach an Bhoird athbhreithniú bliantúil ar na measúnuithe feidhmíochta féinmheasúnaithe. Cuireadh torthaí na measúnuithe sin i láthair mar chuid de chruinniú den Bhord an 4 Nollaig 2023.

## Cothromaíocht Inscne i measc chomhaltaí an Bhoird

Bhí seisear (6) comhaltaí mná agus triúr (3) comhaltaí fir ar an mBord an 31 Nollaig 2023.

Ós rud é go raibh folúntais ann ag deireadh na bliana, níor éirigh leis an mBord sprioc an Rialtais a bhaint amach go mbeadh ionadaíocht 40% ann ó thaobh inscní de i measc comhaltaí ar Bhoird Stáit. Tabharfar i ngleic leis seo in 2024 agus comhaltaí nua á gceapadh.

## Bainistíocht Riosca

Tá beartas foirmiúil bainistíochta rioscaí i bhfeidhm ag an Údarás chomh maith le Clár Rioscaí i gcomhréir leis na treoirlínte ón Roinn Airgeadais. Déantar an clár seo a bhainistiú ar bhonn leanúnach. Tá cothabháil an chláir ceaptha lena chinntiú go ndéantar rioscaí a shainaithint agus a mheas go leanúnach agus go gcuirtear na gníomhartha maolaithe riachtanacha i bhfeidhm, é sin ag brath ar acmhainní. Mír sheasta ar chlár gach cruinnithe den Bhord agus den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca atá sa Chlár Rioscaí.

Sonraítear **i dTábla 15** na príomhrioscaí féideartha atá aitheanta ag an eagraíocht do 2023 agus na bearta maolaithe atá i bhfeidhm chun na rioscaí sin a laghdú.

**Tábla 15: Na Príomhrioscaí a Sainaithníodh**

| An Príomhriosca a sainaithníodh | Na Bearta Maolaitheacha atá i bhfeidhm |
|---|---|
| Riosca do na cosaintí ar gné iad den chóras ceadúnúcháin de bharr oibreoirí neamhcheadúnaithe | o Cigirí ar fáil lena gceapadh le himscrúdú a dhéanamh ar oibreoirí neamhcheadúnaithe arna dtuairisciú sa Stát agus aird a thabhairt orthu láithreach<br>o Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun oibreoirí neamhcheadúnaithe féideartha a aimsiú a bheadh i mbun trádála gan a gceadúnas a athnuachan<br>o Cigirí seachfhoinsithe ar fáil le himscrúdú a dhéanamh ar oibreoirí neamhcheadúnaithe.<br>o Tá próiseas urghaire ann<br>o Tá prótacal an chustaiméara faoi cheilt i bhfeidhm |
| Dócmhainneacht an Chiste Cúitimh | o Tá an Ciste Cúitimh faoi árachas<br>o Nósanna imeachta i bhfeidhm chun an frithghealláí a chur ar an eolas faoi éilimh ar an gCiste<br>o Nósanna imeachta inmheánacha i bhfeidhm chun éilimh a mheas<br>o Coiste Comhairleach ar an gCiste Cúitimh curtha ar bun chun éilimh a mheas<br>o Déantar comhairle dlí a lorg i dtaobh éileamh más rud é go mb'fhéidir go mbeadh fasach ann<br>o Bainistiú caingne dlí maidir leis an gCiste Cúitimh |

| An Príomhriosca a sainaithníodh | Na Bearta Maolaitheacha atá i bhfeidhm |
|---|---|
| Spleáchas an Údaráis ar Theicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide na Roinne Dlí agus Cirt | o Rianú agus tuairisciú ar Rialachas TF gach seachtain i bhfeidhm<br>o Tá ráiteas dearbhaithe faighte ó Bhainistíocht Faisnéise agus Teicneolaíocht na Roinne Dlí agus Cirt (IM&T)<br>o Cruinnithe athbhreithnithe a tionóladh le lucht bainistíochta faisnéise agus teicneolaíochta na Roinne Dlí agus Cirt maidir leis an gComhaontú Seirbhíse<br>o Tá rialuithe i bhfeidhm ag an Údarás maidir le soláthar Gléasanna Soghluaiste agus sócmhainní TF<br>o Rialuithe Rochtana d'Úsáideoirí TF – déanann an tÚdarás athbhreithniú rialta ar an rochtain |
| Acmhainneacht easnamhach chun seirbhís éifeachtach éifeachtúil a sholáthar de bharr leibhéil foirne, eolais, saineolais agus oiliúna (pleanáil comharbais) | o Measúnú agus oiliúint leanúnach ar bhaill foirne ar fud feidhmeanna éagsúla den Údarás<br>o Rinneadh acmhainní breise foirne a chur ar fáil<br>o Athbhreithniú ar Phleanáil Fórsa Saothair críochnaithe<br>o Baill foirne bhreise oilte agus tacaíocht á cur ar fáil acu i réimsí éagsúla oibre<br>o Róil ríthábhachtacha aitheanta agus soláthar cúltaca i bhfeidhm<br>o Nósanna imeachta róil mionsonraithe i bhfeidhm agus á nuashonrú go rialta<br>o Cruinnithe míosúla bainistíochta agus ardbhainistíochta á reáchtáil chun formhaoirseacht a dhéanamh ar réimsí éagsúla<br>o Déantar athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha go rialta<br>o Tá imscrúdaitheoirí seachtracha agus baill foirne shealadacha (más féidir) ann chun tacaíocht a thabhairt i dtaobh leibhéil foirne<br>o Plé leanúnach leis na hAcmhainní Daonna |
| Treoir an AE maidir le Seirbhísí mar chlár píolótach de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le comhlíonadh reachtaíochta | o Scéim arna dréachtú de réir Reachtaíocht Shibhialta lena ceadú ag Coimisiún an Aontais Eorpaigh<br>o Rannpháirtíocht leis an Reachtaíocht Shibhialta chun reachtaíocht a fhorbairt go mbeidh sí i gcomhréir le Treoir an Aontais Eorpaigh maidir le Seirbhísí. |

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Beidh Ráiteas an Údaráis um Rialú Inmheánach do 2023 mar chuid de na Ráitis Airgeadais a fhoilseofar níos deireanaí i mbliana. Foilseofar na Ráitis Airgeadais ar láithreán gréasáin an Údaráis nuair a bheidh siad tugtha chun críche agus sínithe ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

## Saoráil Faisnéise

Tá cúraimí saorála faisnéise ar an Údarás de bharr an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014. Is é cuspóir an Achta um Shaoráil Faisnéise a áirithiú go mbíonn faisnéis oifigiúil ar fáil don phobal a mhéid is féidir, i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta.

Foráiltear leis an Acht um Shaoráil Faisnéise go bhfuil na cearta seo a leanas ag gach duine:

- an ceart rochtain a fháil ar thaifid oifigiúla atá i seilbh comhlachtaí poiblí mura bhfuil siad díolmhaithe faoin dlí;
- an ceart faisnéis phearsanta a cheartú nó a nuashonrú i gcás ina bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach;
- an ceart chun cúiseanna a fháil le cinneadh a rinne comhlacht poiblí.

Ar mhaithe lena chinntiú go mbíonn an dea-chleachtas ar bun i riar a fheidhme reachtúla Saorála Faisnéise, tá ball d'fhoireann an Údaráis ag feidhmiú mar Oifigeach um Shaoráil Faisnéise chun cabhrú leis an bpobal an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na nósanna imeachta maidir leis an tSaoráil Faisnéise.

Lean an tÚdarás ar aghaidh le haon iarratas saorála faisnéise amháin a fuarthas in 2022 isteach go 2023. Tarraingíodh an t-iarratas seo siar ansin in 2023. Fuair an tÚdarás deich n-iarratas Saorála Faisnéise sa bhliain 2023. Agus measúnú á dhéanamh ar gach iarratas, bhain an tÚdarás feidhm as beartas inar chuir sé roimhe gach iarratas a cheadú, agus ina dhiaidh sin chuir sé an tástáil "díobhála" i bhfeidhm agus an tástáil "leas an phobail" ina dhiaidh sin i gcomhréir le forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise.

As na hiarratais a fuarthas, is iad seo na foinsí:

- Daoine den phobal (7);
- Gnó/Grúpa Sainleasa (3).

As an deich n-iarratas a fuarthas, bhain trí cinn acu le faisnéis phearsanta agus seacht gcinn acu le faisnéis neamhphearsanta.

Tugtar achoimre **i gCairt 13** ar na torthaí ar na hiarratais saorála faisnéise ar fad a fuarthas in 2023.

**Cairt 13: Iarratais Saorála Faisnéise in 2023**

| Tag. an Chomhaid | Catagóir an Iarratasóra | Ceadaithe | eadaithe i bPáirt | Diúltaithe | Tarraingthe siar | Cinneadh fós le déanamh |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1. | Duine den Phobal | | | | ✗ | |
| 2. | Iriseoir | | | ✗ | | |
| 3. | Iriseoir | | | ✗ | | |
| 4. | Duine den Phobal | | | ✗ | | |
| 5. | Duine den Phobal | | | ✗ | | |
| 6. | Duine den Phobal | | ✗ | | | |
| 7. | Duine den Phobal | | | | ✗ | |
| 8. | Iriseoir | | | ✗ | | |
| 9. | Duine den Phobal | | | ✗ | | |
| 10. | Duine den Phobal | | | | | ✗ |

Mar atá le feiceáil i gCairt 13, rinneadh iarratas amháin a dheonú i bpáirt, tarraingíodh dhá iarratas siar agus diúltaíodh sé cinn acu. Bhí iarratas amháin fós gan réiteach ag deireadh na bliana. Sna cásanna nár deonaíodh iad nó nár diúltaíodh go hiomlán iad, thug an tÚdarás míniú mionsonraithe don iarrthóir ar an gcinneadh agus ar na cúiseanna a bhí leis.

## Achomhairc i leith Saoráil Faisnéise

Ní dhearnadh aon achomhairc i leith Saoráil Faisnéise in 2023.

## Cosaint Sonraí

Próiseálann an tÚdarás sonraí pearsanta i gcomhréir leis na prionsabail sa Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí.

Tá Oifigeach um Chosaint Sonraí ag an Údarás a bhíonn ag plé le hiarratais ó dhaoine ar a sonraí (SAR) agus le sáruithe ar shonraí, chomh maith le treoir, beartais agus nósanna imeachta a fhorbairt i réimse na cosanta sonraí.

Fuair an tÚdarás iarratas ó bheirt ar a sonraí in 2023. Pléadh leis na hiarratais seo ó dhaoine ar a sonraí de

réir cheanglais an Achta um Chosaint Sonraí, 2018.

Bhí seacht sárú ar chosaint sonraí ag an Údarás in 2023. Sáruithe ar leibhéal íseal a bhí iontu. Pléadh leis na sáruithe sin i gcomhréir le nósanna imeachta an Údaráis maidir le cosaint sonraí.

## An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Duine forordaithe is ea Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine (an tÚdarás) faoi alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, agus faoi Ionstraim Reachtúil 367 de 2020. Ciallaíonn sé seo go bhfuil oibrithe in ann nochtadh cosanta a dhéanamh leis an Údarás ar cheisteanna a bhaineann le ceadúnú, rialú agus rialáil soláthraithe seirbhíse maoine chomh maith le himscrúdú gearán i gcoinne na soláthraithe sin.

In 2023, fuair an tÚdarás dhá thuairisc tríd an gcainéal tuairiscithe seachtrach a cuireadh ar bun faoi alt 7 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Déanann an tÚdarás tuarascáil faoi leith um Nochtadh Cosanta a fhoilsiú ar www.psr.ie.

## Leasuithe ar an Acht

I Meán Fómhair 2023, chuir Helen McEntee, an tAire Dlí agus Cirt, a lámh le IR 475 de 2023, na Rialacháin fán Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011 (Athnuachan Ceadúnas Áirithe), 2023. Tugadh isteach an Rialachán chun dul i ngleic leis an líon rómhór de cheadúnais a bhí le hathnuachan agus a raibh dáta éaga an 5 Samhain orthu. Rinneadh foráil leis an Rialachán go dtabharfaí ceadúnais ar bhonn aonuaire, ceadúnais idir dhá mhí dhéag agus cúig mhí dhéag, do cheadúnaithe a rachadh a gceadúnas in éag an 5 Samhain, 2023.

*Athbhreithniú ar Árachas Slánaíochta Gairmiúla*

Bhí plé fós ar bun in 2023 idir an tÚdarás agus an Roinn Dlí agus Cirt maidir le leasuithe beartaithe ar an Ionstraim Reachtúil reatha maidir le hÁrachas Slánaíochta Gairmiúla.

## Clár píolótach AE

Chomh maith leis sin, bhí an tÚdarás ag plé go leanúnach in 2023 leis an gCoimisiún Eorpach trí Rannán Reachtaíochta Ceartais Shibhialta na Roinne Dlí agus Cirt chun dul i ngleic le leasuithe ar an Acht maidir le soláthraithe ó Bhallstáit an AE ag cur seirbhísí maoine ar fáil. Is é an aidhm atá leis an rannpháirtíocht sin ná lena chinntiú go mbeidh Éire i gcónaí gcomhréir le reachtaíocht an AE. Leanfar leis an rannpháirtíocht sa réimse seo in 2024.

## Dualgas na hEarnála Poiblí (an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014)

Tá an tÚdarás dúthrachtach maidir lena oibleagáidí faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, a chomhlíonadh. Le halt 42 den Acht sin, bunaítear dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí as idirdhealú a chosc, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint do gach duine lena mbíonn siad ag plé – baill foirne, úsáideoirí seirbhíse agus páirtithe leasmhara araon.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Gnímh in 2023, rinneadh an dul chun cinn seo in 2023:

- Cuireadh oiliúint ar Nochtadh Cosanta ar fáil do na baill foirne ar fad
- Mar chuid den oiliúint tosaigh a chuireann an Roinn Dlí agus Cirt ar fáil dóibh siúd atá ag tosú ina ról, tá eolas ar bheartais agus tionscnaimh de chuid na nAcmhainní Daonna, eolas maidir leis an Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas san áireamh.
- Moladh go láidir d'fhoireann an Údaráis oiliúint a chur i gcrích maidir le comhionannas agus cearta an duine le linn na bliana, oiliúint a chuimseodh modúl ríomhfhoghlama maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine sa tSeirbhís Phoiblí agus modúl ríomhfhoghlama in oiliúint JAM.
- Tá an tÚdarás tar éis na forálacha nua d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, a chur i ngníomh faoi mar a bhaineann siad le fógraíocht i nGaeilge.

## Saincheisteanna Comhshaoil agus Fuinnimh

Chuir an tÚdarás a chéad Treochlár Gníomhaíochta ar son na hAeráide do 2023 le chéile, é sin i gcomhréir leis an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, agus Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2023 (CAP 23). Rinneadh an treochlár a fhorbairt faoi threoir agus tacaíocht Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI). Déanann an tÚdarás oibleagáidí a chomhlíonadh i gcónaí i dtaobh ceisteanna comhshaoil agus fuinnimh. Cuirtear na sonraí riachtanacha go léir faoi bhráid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann ar líne.

Tá an tÚdarás ina bhall de Líonra Feidhmíochta Fuinnimh na Roinne Dlí agus Cirt. Tá an tÚdarás páirteach sa chlár Barrfheabhsú na Cumhachta san Obair atá á riar ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

Mar chuid de na hiarrachtaí le próisis san Údarás a dhigitiú, seoladh córas bainistíochta taifead digiteach eDocs in 2023 i gcomhar le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais. Ina theannta sin, úsáideann an tÚdarás an Soláthar Poiblí Glas nuair is féidir, déantar a dheimhniú go ndéantar athchúrsáil ar an bpáipéar ar fad a fhaightear agus tá an tÚdarás páirteach go réamhghníomhach i bhfógraí agus i ngníomhaíochtaí na Roinne Dlí agus Cirt a bhaineann leis an taisteal cliste.

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine
Property Services Regulatory Authority

**An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine**
Foirgnimh na Mainistreach
Bóthar na Mainistreach
An Uaimh
Co. na Mí
Éire
C15 K7PY.

**Teileafón:** (046) 9033800
**Saorghlao:** 1800-252712
**Ríomhphost:** info@psr.ie
**Idirlíon:** www.psr.ie